



2014

Tuarascáil Bhliantúil

Misean, Luachanna agus Cuspóirí CIÉ

MISEAN

Tá fíis CIÉ ar chomhréim lenár sainordú reachtúil chun córas iompair bus agus iarnróid, a bhfuil gá sóisialta leis, a sholáthar ar bhealach comhtháite a fheidhmíonn go maith trína gcuirtear le forbairt gheilleagrach réigiúnach chothromúil agus le comhtháthú sóisialta ar chostas réasúnta.

Faoi láthair tá na feidhmeanna seo cineachta ag CIÉ chuig trí fhochuideachta oibriúcháin trí Acht 1986 – Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann.

LUACHANNA

Thar ní ar bith eile, glacann CIÉ agus a fhochuideachtaí oibriúcháin Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann, leis go bhfuil tábhacht ar leith le sábháilteacht a gcustaiméirí, a bhfostaithe agus a gcomhúsáideoirí iarnróid agus bóithre.

Tá ár gcustaiméirí ag croílár ár ngnólachtaí againn sa Ghrúpa. Trí fheabhsuithe leanúnacha, déanann an Grúpa a dhícheall seirbhís atá cairdiúil, éifeachtach agus sábháilte a bhfuil luach maith ar airgead uirthi a sholáthar do chustaiméirí, agus caitheamh le gach aon duine le cúram agus le tuiscint chuí.

Táimid ag croílár bhonneagar na hÉireann le níos mó ná leathchéad bliain anois agus, mar sin, táimid fíorbhródúil as córas iompair phoiblí ríthábhachtach a chur ar fáil do dhaoine i mbailte, i sráidbhailte agus i gcathracha. De bhreis air sin, táimid an-bhródúil as a chinntiú go dtugaimid na mílte duine chun na hoibre, chun na scoile, chun na siopaí, agus chun cuairt a thabhairt ar dhaoine muinteartha agus ar chairde leo gach aon lá.

Tá ár bhfostaithe ríthábhachtach chun seirbhísí iompair phoiblí ar ardchaighdeán a sholáthar, agus táimid go láidir ar son ár mbaill foirne a chumasú chun a n acmhainneacht iomlán a bhaint amach.

CUSPÓIRÍ

Feidhmiú ar bhealach trédhearcach agus comhoibriú le páirtithe leasmhara eile atá ag feidhmiú san earnáil iompair phoiblí.

Cluas éisteachta a thabhairt dár gcustaiméirí i gcónaí mar is iad a dhéanann an difear sa tseirbhís a chuirimid ar fáil.

An staid chun tosaigh sa mhargadh atá againn a choinneáil i margadh agus i dtimpeallacht ar a bhfuil athrú ag teacht trí dhírú go láidir ar fheabhsuithe leanúnacha.

A chinntiú, nuair is féidir, go leanaimid orainn ag tacú le pobail áitiúla agus ceangal a chur ar fáil eatarthu.

Ár dtaithí agus ár saineolas a úsáid chun seirbhísí bus agus iarnróid a sholáthar arbh fhéidir le muintir na hÉireann a bheith bródúil astu.

Clár Ábhair

Buaicphointí	2
Córas Iompair Éireann – Sracfhéachaint	3
Ráiteas an Chathaoirligh	5
Athbhreithniú Airgeadais 2014	7
Athbhreithniú ar an Ioncam Conartha OSP 2008-2014	14
Athbhreithniú na nOibríochtaí 2014	16
Comhaltaí an Bhoird agus Bainistíocht an Ghrúpa	32
Coistí an Bhoird	33
Maidir le Bord Chóras Iompair Éireann	34
Ráiteas Rialachais Chorporáidigh	37
Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird	40
Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách	41
Príomhbheartais Chuntasaíochta	43
Cuntas Brabúis agus Caillteanais Comhdhlúite	46
Ráiteas de Chaillteanais agus Gnóthachain Aitheanta Iomlána	47
Clár Comhardaithe Comhdhlúite	48
Clár Comhardaithe na Cuideachta	49
Ráiteas Sreabhaidh Airgid Comhdhlúite	50
Nótaí do na Ráitis Airgeadais	51



Is mian le Córas Iompair Éireann an maoiniú atá faighte aige ó Rialtas na hÉireann faoin AE agus faoi chreat Meántéarmach Státchiste Infheistíocht Bonneagair agus Chaipitil 2012-2016 chun tabhairt faoi mhórhionscadail a admháil.

Buaicphointí 2014

In 2014 bhí an láimhdeachas cothrom le **€1,106.4 milliún.**


Tuilleamh roimh Ús, Cánacha, Dímheas agus Amúchadh (EBITDA) coigeartaithe do mhíreanna "aonuaire" feabhsaithe **€2.2 milliún in 2014** go dtí **€52.6 milliún.**

Mhéadaigh an líon turas paisinéirí breis is **4%** go dtí **237.5 milliún.**

Córas Iompair Éireann – Sracfhéachaint

Eolas Fúinn: Is é Córas Iompair Éireann an t-údarás reachtúil náisiúnta a chuireann córas iompair phoiblí ar thalamh ar fáil laistigh de Phoblacht na hÉireann. Tá sé faoi úinéireacht iomlán Rialtais na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tá an Grúpa eagraithe i dtrí fhochuideachta oibriúcháin – Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann – mar aon le feidhm seirbhísí lárnacha a gcuireann tacaíocht ar fáil dóibh. Le cois na bhfochuideachtaí iompair phoiblí is faoi úinéireacht CIÉ atá CIÉ Tours International Inc. freisin. Is é Grúpa CIÉ atá freagrach as treoir straitéiseach, rialú agus comhordú ginearálta, ach tugtar deis do gach fochuideachta agus aonad gnó a gcuid oibre a chur i gcrích de réir mar a chinneann siad féin ó lá go lá.

Turais Chustaiméara





Fás sa líon turas
paisinéirí OSP don
chéad bhliain ó 2008



Ráiteas an Chathaoirligh



In 2013 thagair mé sa chéad Ráiteas uaim mar Chathaoirleach do chomharthaí feabhais a bheith le tabhairt faoi deara in CIÉ i ndiaidh tréimhse dhúshlánach 5 bliana, idir 2008 agus 2012, ó thaobh cúrsaí airgid de. Cúis dóchais is ea gur leanadh leis an bhfeabhas in 2014, tráth ar tugadh méadú sa líon turas faoi deara mar aon le méadú ar tháillí a bheith ceadaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA), méadú ba chionsiocair le méadú €42.3 milliún (6.1%) a bheith tagtha ar ioncam an Ghrúpa ó tháillí¹.

Ba in 2014 freisin a tugadh tionchar dearfach na mbeart pá a ceadaíodh i mBus Átha Cliath agus i mBus Éireann faoi deara, bearta pá a raibh coigilt €11 milliún luaithe leo. Chinn Iarnród Éireann páirt a ghlacadh i mbeart pá 25 mí i mí Dheireadh Fómhair 2014 freisin, rud a chiallóidh go mbeidh deis ag foireann Iarnród Éireann cur ar bhealach dearfach le hinbhuanaitheacht airgeadais na cuideachta sin.

Cuireadh roinnt éachtaí suntasacha eile i gcrích in 2014 chomh maith. Mhéadaigh an líon custaiméirí 9.6 milliún agus tugadh feabhas faoi deara sna seirbhísí a bhí á gcur ar fáil don phobal sa Ghrúpa trí chéile. Chuir Iarnród Éireann anailís thábhachtach chomhpháirteach i gcrích i gcomhar le NTA maidir le riachtanais mhaoinithe an ghréasáin iarnróid reatha, anailís arb ionann í agus deis chun measúnú soiléir a dhéanamh ar na dúshláin a bheidh le sárú chun inbhuanaitheacht maoinithe a chinntiú. Is léir do Bus Éireann go bhfuil brabús measartha á dhéanamh ag Expressway (a ghnó tráchtála) arís. É sin ráite, baineann dúshlán fós le haisíocaíocht chuí don ghréasán de sheirbhísí OSP atá á thairiscint ag an gcuideachta. D'éirigh thar barr le Bus Átha Cliath ó thaobh cúrsaí airgeadais agus custaiméirí de i rith na bliana. Threisigh Grúpa CIÉ a staid airgeadais ar bhealach suntasach agus is fianaise ann féin ar an méid sin glanfhíochas an Ghrúpa a bhí cothrom le €18.5 milliún, laghdú €84.3 milliún i gcomparáid le €102.8 milliún in 2013.

Maidir le cúrsaí rialála de, d'éirigh le Grúpa CIÉ a ról féin i gcomhthéacs an rialtóra iompair phoiblí de, NTA, a shoiléiriú. Is ionann é seo agus forbairt dhearfach ó tharla go gcuirfidh soiléire maidir lenár ról agus ról ár bhfochuideachtaí ar ár gcumas oibriú leis an Rialtóir chun réitigh dírithe ar an

gcustaiméir a sheachadadh. Sampla soiléir de seo é an conradh nua OSP 5 bliana a d'fhorghníomhaigh Bus Átha Cliath agus Bus Éireann le NTA i mí na Nollag 2014. Tá méadracht agus spriocanna custaiméir-lárnacha sonraithe sna conarthaí seo a chuirfidh go mór le taithí an chustaiméara sna blianta amach romhainn.

Tá ag éirí go maith ar bhonn leanúnach le CIÉ Tours agus bhí an líon paisinéirí a bhí acu i mbliana ar aon dul leis an líon paisinéirí a bhí acu in 2013.

Ainneoin gur tuar dóchais iad na pointí thuasluaite, tá sé de dhualgas ormsa, mar Chathaoirleach ar an mBord, na dúshláin atá fós le sárú a shoiléiriú. Is iomaí dúshlán atá ann ach áirím iad seo a leanas i measc na ndúshlán is suntasaí:

- **Brú leanúnach ar Mhaoiniú Stáitchiste.** Léiríodh i dtuarascáil na bliana seo caite go raibh easnamh €211 milliún sa mhaoiniú a bhí ar fáil ón Stáitchiste chun seirbhísí iompair an Ghrúpa a mhaoiniú i rith na géarchéime. Ag deireadh 2014 laghdaíodh an t-easnamh carnach maoinithe seo €8 milliún go dtí €203 milliún. I mí Dheireadh Fómhair 2014, chuir an tAire Iompair, Turasoireachta agus Spóirt in iúl go raibh infheistíocht bhreise de €51 milliún le déanamh in Iarnród Éireann, infheistíocht a úsáideadh chun Cothabháil Shuntasach an fhliú rothstoic a mhaoiniú. Bíonn costas €28 milliún in aghaidh na bliana luaithe leis an obair chothabhála seo. Ó tharla infheistíocht de €648 milliún a bheith déanta, áfach, tá costas na hoibre chothabhála réasúnta íseal i gcoibhneas le luach an fhliú. Tá sé de fhreagracht orainne a chinntiú go ndéanfar an fliú a chothabháil i gceart thar ceann an cháiniócóra. Os a choinne sin, tá an gréasán iarnróid tearcmhaoinithe bunaithe ar a scála agus ar na seirbhísí atá le soláthar aige de réir conartha, seirbhísí a bhfuil eolas ina leith sonraithe i

¹ Nil CIÉ Tours san áireamh

In 2014 ghin an Grúpa toradh 1.2% ar an gcostas a bhaineann le seirbhísí OSP a sheachadadh



ndreacht-Chreat Straitéiseach don Infheistíocht in Iompar ar Tír 2014 na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Is den tábhacht é gur léir todhcháí inbhuanaithe a bheith ann do Iarnród Éireann, d'fhonn a chinntiú go bhfuil ar a chumas gréasán agus seirbhísí a sholáthar a rachaidh chun tairbhe an gheilleagair.

- **Cúiteamh oiriúnach OSP do Bus Éireann.** Ghin Bus Éireann toradh beag ar chostas na seirbhísí OSP a sholáthair sé in 2014. I láthair na huaire, is é an costas atá luaite le seirbhís 2015 a sholáthar thart ar €38 milliún, ach ag an bpointe seo is maoiniú €32 milliún atá ar fáil ó NTA. Dá dheasca sin, meastar go mbeidh easnamh luaite le soláthar seirbhísí OSP in 2015.
- **Oscailt Mhargaidh.** Is ionann an oscailt mhargaidh 10% de mhargadh OSP Bus Átha Cliath agus Bus Éireann in 2016 agus dúshlán suntasach do lucht bainistíochta, foireann agus stiúrthóirí na gcuideachtaí bus agus Grúpa CIÉ. Tá sé beartaithe ag Bus Éireann agus ag Bus Átha Cliath dul san iomaíocht le haghaidh na mbealaí atá á dtairiscint.
- **Cur Isteach ar Luas Traschathrach.** Is ionann an Luas Traschathrach agus dúshlán suntasach lóistíochtúil nach mór do Bus Átha Cliath déileáil leis. Is ionann iarracht leanúint le líon paisinéirí bus a mhéadú agus bealaí á n-athrú san am céanna agus dúshlán lóistíochtúil, dúshlán atá á bhainistiú go héifeachtach ag Bus Átha Cliath.
- **Seirbhísí Iompar Scoile.** Tá roinnt dúshlán suntasach lóistíochtúil le sárú ag na Seirbhísí Iompar Scoile, atá á mbainistiú ag Bus Éireann thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna freisin, agus iarracht ar bun aige an modh teagmhála atá aige le teaghlaigh an 112,500 leanbh a thiomáintear chuig scoileanna fud fad na tíre a nuachóiriú. Is fiú a lua go bhfuil an t-ádh orainn foireann bainistíochta agus oibríochtúil a bheith againn a bhfuil taithí breis is 40 bliain acu ar an gcóras a bhainistiú.

Buíochas

Thar ceann an Bhoird, is mian liom buíochas a ghabháil leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tUasal Paschal Donohoe agus leis an iar-Aire, an Dr. Leo Varadkar T.D. agus leis an Uasal Ann Phelan, Aire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Muirí agus sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a bhfuil Freagracht Ar Leith Uirthi as Forbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe, agus leis an iar-Aire Stáite d'Iompar Poiblí agus Comaitéirí, an tUasal Alan Kelly T.D., as tacú le Grúpa CIÉ i rith na bliana. Chomh maith leis sin, is mian liom buíochas a ghabháil le hoifigigh ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus le NTA as an gcúnamh atá tugtha acu dúinn.

Is mian liom buíochas a ghabháil freisin le foireann chuideachtaí Ghrúpa CIÉ as a seacht ndícheall a dhéanamh i rith na bliana. Tugadh roinnt athruithe ar chomhaltaí an Bhoird faoi deara i rith na bliana:

- Chuaigh an tUasal Kevin Bonner agus an tUasal Paul Mallee ar scor ón mBord ar an 28 Meitheamh 2014. Chuaigh an tUasal Helen Keelan ar scor ón mBord ar an 10 Deireadh Fómhair 2014. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a ndearna siad ar son CIÉ agus iad ina gComhaltaí den Bhord.
- Athcheapadh mé féin agus an tUasal Phil Gaffney ar an mBord ar an 9 Iúil 2014.
- Ceapadh an tUasal Aidan Murphy ar an mBord ar an 9 Iúil 2014.
- Ceapadh an tUasal Ultan Courtney ar an mBord ar an 23 Meán Fómhair 2014.
- Athcheapadh an tUasal Aebhric McGibney ar an mBord ar an 4 Samhain 2014.

Tá comhaltaí an Bhoird ag súil le dul i ngleic leis na dúshláin ar fad a bheidh le sárú ag Grúpa CIÉ sna míonna amach romhainn.

Mar fhocal scoir, is mian liom buíochas a ghabháil freisin leis na Comhaltaí Boid agus le stiúrthóirí fhoichuideachtaí an Bhoird as cúnamh a thabhairt agus tacú leis na fochuideachtaí go leanúnach, agus le Grúpa CIÉ as am a chur ar leataobh le freastal ar na Boid agus ar na coistí agus grúpaí comhairleacha éagsúla rithbhachtacha laistigh de Ghrúpa CIÉ.

Vivienne Jupp
Cathaoirleach

Athbhreithniú Airgeadais 2014

EBITDA

Is fianaise iad torthaí oibriúcháin Ghrúpa CIÉ do 2014 agus Tuilleamh roimh Ús, Cánacha, Dímhéas agus Amúchadh (EBITDA) de €81.5 milliún.

Ioncam agus EBITDA

	2014 €m	2013 €m	Athrú €m
Ioncam ó Tháillí agus Ioncam Tráchtála	817.1	764.9	52.2
Ioncam Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) agus Ioncam Stáit Eile			
Ioncam Chonradh OSP	211.8	225.9	(14.1)
Deontais Eile ón Stáitchiste*	77.5	15.6	61.9
	289.3	241.5	47.8
Ioncam Iomlán	1,106.4	1,006.4	100.0
Párolla roimh Choigeartú Pinsin	(545.8)	(535.4)	(10.4)
Coigeartú Pinsin de réir FRS 17	10.0	8.2	1.8
Ábhair agus Seirbhísí	(489.0)	(420.7)	(68.4)
Costais Oibríochta Iomlána	(1,024.8)	(947.9)	(77.0)
EBITDA roimh eisceachtúlachtaí	81.6	58.6	23.0

* Clár Infheistíochta um Shábháilteacht Iarnróid 2013 Conradh Ilbhliantúil 2014.

Bhí toradh 2014 EBITDA €23.0 milliún níos airde i gcomparáid le EBITDA 2013 a raibh €58.6 milliún luaithe leis. Ba ionann toradh 2014, áfach, agus fianaise ar an tionchar a bhí ag an maoiniú forlíontach ábhartha seo a leanas curtha ar fáil ag an Stáitchiste tríd an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA):

- Iarnród Éireann €12 milliún.
- Bus Éireann €7 milliún.

EBITDA gan Tosca Aonuaire san Áireamh

Gan tionchar na dtosca aonuaire thuasluaite agus coigeartuithe cuntasafóchta Pinsin a chur san áireamh, in 2014 bhí EBITDA bunúsach cothrom le €52.6 milliún, feabhas €2.2 milliún i gcomparáid le 2013, nuair a bhí EBITDA bunúsach cothrom le €50.4 milliún.

	2014 €m	2013 €m	Athrú €m
EBITDA	81.6	58.6	23.0
<i>Eisiaigh:</i>			
Forlíontach Iarnród Éireann	12.0	–	(12.0)
Tacaíocht Costais Bus Éireann	7.0	–	(7.0)
Coigeartú FRS 17 ar chostais phinsin	10.0	8.2	(1.8)
EBITDA gan Tosca Aonuaire san Áireamh	52.6	50.4	2.2





Ioncam

In 2014 bhí ioncam Ghrúpa CIÉ cothrom le €1,106.4 milliún agus seo a leanas na sonraí a bhaineann le gníomhaíocht gach cuideachta agus gach gnó:

Ioncam ó Tháillí, Ioncam Tráchtála agus Ioncam OSP

	2014 €m	2013 €m	Athrú €m
Bus Átha Cliath	216.0	204.1	11.9
Bus Éireann	297.9	289.9	8.0
Iarnród Éireann	218.0	195.2	22.8
CIÉ (Tours, Réadmhaoin agus CAN)	85.2	75.7	9.5
Ioncam ó Tháillí agus Ioncam Tráchtála	817.1	764.9	52.2
Ioncam Chonradh OSP			
Bus Átha Cliath	60.0	64.5	(4.5)
Bus Éireann	34.4	34.4	0.0
Iarnród Éireann	117.4	127.0	(9.6)
Ioncam Chonradh OSP	211.8	225.9	(14.1)
Maoiniú Státhiste Eile	77.5	15.6	61.9
Ioncam Iomlán	1,106.4	1,006.4	100.0

Ioncam ó Tháillí agus Ioncam Tráchtála

Tugadh méadú faoi deara in ioncam tráchtála bunúsach gach cuideachta, rud ba chúis le feabhas comhcheangailte de €52.2 milliún in 2014.

Tugadh méadú €26.1 milliún faoi deara in ioncam táillí, méadú a d’eascair as líon méadaithe turas paisinéirí (€11.4 milliún), agus méaduithe ar tháillí ceadaithe ag NTA in 2013 (€14.7 milliún). Baineann an t-ioncam eile le haisghbháil costas tabhaithe le linn tionscadal bonneagair a sheachadadh thar ceann Comhlachtaí Stáit eile.

Ainneoin gan mórán athraithe a bheith tagtha ar an líon turasóirí i gcomparáid le 2013, tugadh méadú faoi deara in ioncam CIÉ Tours mar gur méadaíodh costais na dtáillí aerthaistil. Thaistil 49,173 cuairteoir go hÉirinn agus go dtí na Breataine Móire ar CIÉ Tours i rith na bliana, rud a chiallaíonn go bhfuil CIÉ Tours fós i measc ceann de na tionscnóirí turas is mó atá ag tabhairt turasóirí isteach sa tír.

Ioncam Chonradh OSP

Bhí sé beartaithe go laghdódh maoiniú státhiste Conarthaí OSP €16.6 milliún in 2014. Níor tugadh an laghdú ar ioncam chonradh OSP a raibh súil leis faoi deara i mBus Átha Cliath agus in Iarnród Éireann. Bheadh laghdú luaite le hioncam chonradh OSP Bus Éireann murach go raibh an tacaíocht costais “aonuaire” arbh fhiú €7 milliún é faighte ag an gcuideachta bus i dtreo dheireadh 2014 (trí mheascán d’íocaíocht bhreise chonradh OSP de €2.5 milliún agus deontas cothabhála breise de €4.5 milliún a bhain le feithiclí OSP níos sine).

Dá réir sin, ní raibh an laghdú ar ioncam chonradh OSP chomh suntasach leis an laghdú €54.3 milliún bliain i ndiaidh a chéile a tugadh faoi deara in 2013.

Maoiniú Státhiste Eile

Is ionann Maoiniú Státhiste Eile agus maoiniú a cuireadh ar fáil do Iarnród Éireann i ndáil le costais chothabhála an bhonneagair iarnróid. In 2014, chomhaontaigh Iarnród Éireann Conradh Ilbhliantúil (MAC) leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTas), arna riar ag an Roinn agus arna mhonatóiriú ag NTA, conradh atá freagrach as caiteachas ar chothabháil agus ar athnuachan Bonneagar Iarnróid a mhaoiniú.


Athbhreithniú Airgeadais 2014 (ar lean)

Is in ionad an Chláir Infheistíochta um Shábháilteacht Iarnróid (RSIP) atá MAC ag feidhmiú, i bhfoirm trí chláir cúig bliana (ó 1998 go 2013), clár atá ag tacú le hathnuachan riachtanach an bhonneagair iarnróid d'fhonn a chinntiú go mbeidh na caighdeáin maidir le hoibriú sábháilte iarnróid á gcomhlíonadh.

I gcoibhneas le RSIP, in 2014 caitheadh céatadán níos mó de mhaoiniú MAC ar chothabháil éigeantach agus caitheadh céatadán níos lú ar athnuachan. Dá thoradh sin, áirítear céatadán níos mó den mhaoiniú mar Dheontas Ioncaim agus tá na costais chothabhála ghaolmhara luaite le Costais Oibriúcháin.

Dá réir sin, ainneoin nach bhfuil athrú tagtha ar bhonn costais na sócmhainne bunúsaí, d'éascaigh na socruithe nua MAC (féach ar Mhaoiniú Bonneagair thíos) athrú ar nádúr na hoibre a bhí á dhéanamh ar an tsócmhainn bonneagair agus leagadh níos mó béime ar obair chothabhála riachtanach nár bhain le hathnuachan sócmhainní. Is é a bhíonn mar thoradh air seo caiteachas méadaithe sa chuntas brabúis agus cailteanais, le hais tionchar a bheith aige ar an gclár comhardaithe.

Seo a leanas achoimre ar an ngluaiseacht ioncaim idir 2013 agus 2014:



Maoiniú Bonneagair

Ba ionann méadú ar thacaíocht rialtais agus tairbhe €12 milliún a bheith le sonrú ar thoradh oibriúcháin iarnród Éireann in 2014. Seo a leanas foinsé na tairbhe thuasluaite:

	€m
Maoiniú Breise Státhchiste do Chothabháil Bonneagair	61.9
Costais bhreise do Chothabháil Bonneagair:	
Páirtí an Lucht Oibre	(13.0)
Ábhair	(36.9)
Tairbhe EBITDA	12.0


Mhéadaigh táillí agus torthaí táillí in 2014, agus cuireadh maoiniú breise Státhchiste ar fáil



Costais Oibríochta

Mhéadaigh costais oibríocháin an Ghrúpa €77.0 milliún in 2014 ó €947.9 milliún in 2013 go dtí €1,024.8 milliún in 2014. Leis an méadú foriomlán sin, cumhdaíodh roinnt treochtaí bunúsacha dearfacha agus diúltacha.

Tá léargas le fáil anseo thíos ar an ngluaiseacht a tugadh faoi deara ar chostais oibríocháin idir 2013 agus 2014:



Mhéadaigh coigeartuithe dearfacha cuntasáíochta pinsin molta ag achtúirí an Ghrúpa €1.8 milliún in 2014 ó €8.2 milliún in 2013 go dtí €10.0 milliún in 2014.

Laghaigh na costais iomlána phárolla beagán – €2.6 milliún bliain i ndiaidh a chéile mar gheall ar an tairbhe a d’eascair as coigilteas bliain iomlán do Bus Átha Cliath agus do Bus Éireann i dteannta leis an tairbhe a d’eascair as coigilteas in Iarnród Éireann, coigilteas ar comhaontaíodh orthu sna míonna deireanacha de 2014.

Mar thoradh ar an maoiniú breise a d’eascair as Cothabháil Bonneagair, laghdaíodh an leibhéal d’acmhainn oibre inmheánach a bhí tiomnaithe d’oibreacha caipitil, agus dá dheasca sin, tugadh laghdú €13 milliún faoi deara sa mhéid oibre ar caitheadh léi mar chaiteachas caipitil.

Mhaoinigh maoiniú breise a bhain le Cothabháil Bonneagair ardú ar chostais neamhphá a d’eascair as cothabháil bhreise agus as obair dheisiúcháin a d’eascair as damáiste stoirme.

In 2013 níor tugadh aon athrú faoi deara ar an líon turasóirí a thug CIÉ isteach go hÉirinn agus go dtí na Breataine Móire;

d’eascair an méadú ar chostais as costais táillí aerthaistil níos airde. Tá léargas le fáil ar an ioncam breise a fhritháiríonn an méadú seo ar chostais san ioncam méadaithe ó CIÉ Tours sa tráchtairacht thuasluaite ar Ioncam.

In 2014 i ndiaidh roinnt blianta a chiallaigh go raibh ar chumas an Ghrúpa a sholáthar d’éilimh timpistí a laghdú, (ar aon dul le méadú ar an líon turas paisinéirí) mhéadaigh an Grúpa a sholáthar i gcoinne éileamh €12.2 milliún.

Mhéadaigh costais neamhphá eile €20.3 milliún – i measc na méaduithe seo ar chostais áirítear:

- (i) Costais tabhaithe le linn tionscadal bonneagair a sheachadadh thar ceann Comhlachtaí Stáit eile,
- (ii) Meadú ar íocaíochtaí le Conraitheoirí Scoile de réir mar a tugadh méadú faoi deara sa líon turas scoile.

Tugadh coigilteas de €11.6 milliún ar chostas breosla faoi deara i rith na bliana trí mheascán de phraghas níos ísle a bheith ar ola agus laghdú ar úsáid a tugadh faoi deara trí straitéisí barrfheabhsaithe flít agus bearta eile caomhnaithe breosla nach iad.

(Easnamh)/Barrachas don bhliain

	2014 €m	2013 €m	Athrú €m
EBITDA	81.6	58.6	23.0
Ioncam/(Costais) Neamhoibriúcháin			
Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	1.9	2.8	(0.9)
Costais Eisceachtúla	(4.5)	(5.2)	0.7
Dímheas tar éis Amúchta	(56.4)	(59.0)	2.6
Glanchostas Úis	(4.6)	(3.5)	(1.1)
Costais Airgeadais Eile	(8.2)	(5.3)	(2.9)
Iomlán an Ioncaim agus na gCostas Neamhoibriúcháin	(71.8)	(70.2)	(1.6)
Glanbharrachas/ (Easnamh)	9.8	(11.6)	21.4

Thuairiscigh Grúpa CIÉ glanbharrachas de €9.8 milliún in 2014. I gcomparáid leis sin, tugadh glan-easnamh de €11.6 milliún faoi deara in 2013, feabhas arb fhiú €21.4 milliún é.

D'eascair an feabhas de €21.4 milliún as feabhas arb fhiú €23.0 milliún é in EBITDA fritháirithe i bpáirt ag meathlú €1.6 milliún ar ioncam neamhoibriúcháin agus ar línte costais an Ghrúpa.

Ba í an chúis ba mhó a d'fhéadfaí a lua leis an bhfeabhas arb fhiú €23.0 milliún é, maoiniú forlíontach breise arb fhiú €19.0 milliún é a bheith faighte in 2014. Mar a míníodh roimhe seo, ba ionann tairbhe an mhaoinithe seo agus feabhas arb fhiú €12.0 milliún é a bheith luaite le Iarnród Éireann agus feabhas arb fhiú €7.0 milliún é a bheith luaite le Bus Éireann.

Tháinig costais bhreise airgeadais de €1.1 milliún chun solais in 2014 mar gheall ar éifeacht bliain iomlán an ardleibhéil iasachtaí a tugadh anonn chuig 2014 ó 2013.



Saoráidí Baincéireachta

Ó 2008 anonn, mhaoinigh an Grúpa gannchion luach €203 milliún ar ioncam chonradh OSP, le linn seirbhísí a chothabháil, trí mheascán de dhíolachán sócmhainní (€121 milliún) agus méadú a bheith tagtha ar shaoráidí iasachtaíthe. I rith 2013, d'éirigh le CIÉ saoráid baincéireachta 5 bliana arb fhiú €160 milliún í a fháil, saoráid ina n-áirítear iasacht téarma cúig bliana ar fiú €80 milliún í agus saoráid imrothlach ar fiú €80 milliún í. Tá an iasacht théarmach inaisíoctha ag ráta €13 milliún in aghaidh na bliana, rinneadh an chéad aisíocaíocht i mí Iúil 2014 agus tá an chéad aisíocaíocht bhliantúil eile dlite i mí Iúil 2015.

Tá na saoráidí sin bunaithe ar ghnáthshocruithe margaidh lena gceanglaítear go gcloifidh CIÉ le roinnt cúnant caighdeánach airgeadais de chuid an mhargaidh – go háirithe coibhneas an Ghlanfhéich le EBITDA a laghdú thar shaol na saoráide.

Mar gheall ar an gceanglas fiach a laghdú tríd an iasacht théarmach a laghdú thar shaol an chomhaontaithe, tá an Grúpa dirithe ar thionscnaimh a fhorbairt chun a áirithiú go seachadfaidh a chuid conarthaí OSP toradh leordhóthanach chun a chur ar chumas an Ghrúpa a chuid oibleagáidí faoin gcomhaontú saoráid bhaincéireachta a chomhlíonadh. Áirítear ar na tionscnaimh sin cláir tiomsaithe ioncaim agus cláir um shrianadh costas.

Dul chun cinn maidir le Laghdú Costas

I rith 2014, rinne an Grúpa tuilleadh dul chun cinn maidir le cláir rialaithe costas a sheachadadh.

- Bhain Bus Átha Cliath agus Bus Éireann tairbhe as bliain iomlán coigiltis idirbheartaithe in 2013.
- Chuir Iarnród Éireann comhaontú laghdaithe pá i bhfeidhm sa dara leath de 2014.
- Tá Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ i mbun idirbheartaíochta lena foireann agus é mar aidhm bearta coigiltis a chur i bhfeidhm sa Chuideachta Sealbhaíochta a chabhróidh chun na costais a bhaineann le seirbhísí iompair phoiblí a laghdú.


Tá sé ina phríomh-gharspíoc maidir le hathléimneacht airgeadais an Ghrúpa a athshlánú cláir chomhaontaithe a aithint lena dtabharfar seirbhísí iompair phoiblí ar ais chun brabúsachta. Le cois na dtionscnamh laghdaithe costais, tá an Grúpa ag leanúint le comhairliúcháin a reáchtáil lena pháirtithe leasmhara ar fad agus é mar aidhm beart cuí a aithint chun na heasnamh charnacha de bhreis is €203 milliún a d'eascair as soláthar seirbhísí iompair phoiblí a chúiteamh.

Infheistíocht Chaipitil

Tá Grúpa CIÉ agus a fhochuideachtaí ag leanúint ag obair i ndlúthchomhar le DTTas agus NTA chun na deiseanna is fearr d'infheistíocht chaipitil ina ghréasán iompair phoiblí a aithint. Baineann suntas le hinfeistíocht chaipitil chomh fada is a bhaineann le sábháilteacht an ghréasáin agus compord ár gcustaiméirí a fheabhsú. Tá sí ina bhunchloch freisin maidir le sábháil bhreise costais a bhaint amach i ndáil le costais oibriúcháin.

In 2014 rinne an grúpa infheistíocht arbh fhiú €190 milliún í i sócmhainní seasta. D'ainneoin an mhéadaithe in 2013, tá treocht anuas suntasach san infheistíocht i sócmhainní córas iompair phoiblí arna mbainistiú ag an nGrúpa CIÉ ó 2008 i leith. Is amhlaidh atá mar gheall ar na srianta airgeadais ar an Stáitchiste mar aon le cur i gcrích cláir infheistíochta an-suntasach. Is é a bhíonn mar thoradh ar an treocht seo infheistíocht in iompar poiblí in Éirinn a bheith faoi bhun mheán an AE.

Gan OSP a chur san áireamh, fuair an Grúpa maoiniú Stáitchiste agus AE arbh fhiú €217 milliún é do chaiteachas caipitil, agus bhain €15.0 milliún de le caiteachas na bliana roimhe sin agus bhain €28.2 milliún le maoiniú infheistíocht 2015.



Scéimeanna Pinsin

Tá dhá scéim pinsin ranníocach le sochar sainithe á reáchtáil ag Grúpa CIÉ, dhá scéim atá á maoiniú ag ranníocáíochtaí déanta ag CIÉ, a fhochuideachtaí agus a fhostaithe. Tá na sochair scoir atá á soláthar ag na scéimeanna seo á maoiniú ag sócmhainní suntasacha atá infheistithe i gcistí faoi riaradh iontaobhaithe.

Mar thoradh ar na forbairtí a rinneadh ar na margaí airgeadais i rith 2014, go háirithe an laghdú ar rátaí úis, tá costas todhchaíoch na sochar atá le soláthar ag na scéimeanna seo méadaithe ag ráta níos airde ná an méadú atá tagtha ar luach na sócmhainní atá i seilbh na scéimeanna. Dá thoradh sin, i rith 2014 tháinig méadú suntasach ó €418 milliún go dtí €702 milliún ar easnamh na scéimeanna pinsin.

Chuir iontaobhaithe Scéimeanna Pinsin CIÉ plean maoinithe pinsin i bhfeidhm in 2013, faofa ag an mBord Pinsean, plean ina sonraítear gur chóir a bheith ag súil le deireadh a bheith leis an easnamh sna scéimeanna faoi 2023. Ainneoin feidhmíocht a bheith ag teacht lena bhfuil luaite sa phlean ag deireadh 2014, má leantar leis na treochtaí a tugadh faoi deara in 2014, d'fhéadfadh go mbeadh riosca ann in 2015 a chiallóidh nach mbeidh riachtanas an phlean maoinithe pinsin á chomhlíonadh ag an bhfeidhmíocht.

Tá tús curtha ag CIÉ le hathbhreithniú ar na scéimeanna pinsin agus é mar aidhm machnamh a dhéanamh ar na bearta a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil bunaithe ar an leibhéal easnamh chun leasa fadtéarmacha thairbhíthe reatha agus todhchaíoch na scéimeanna a chosaint.

Thuill CIÉ barrachas €9.8 milliún in 2014, feabhas €23.0 milliún i gcomparáid le táirgeacht 2013



Cuireadh athbhreithniú comhpháirteach idir NTA/ Iarnród Éireann ar na riachtanais mhaoinithe a bhain leis an ngréasán iarnróid reatha i gcrích in 2014



Athbhreithniú ar an Ioncam Conartha OSP 2008-2014

Tá seirbhísí iompair phoiblí atá inmhianaithe go sóisialta ach neamh-inmharthana ar bhonn eacnamaíoch á reáchtáil ag Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann (Cuideachtaí Oibriúcháin) faoi chonarthaí Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (OSP) atá bronnta ag an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA). I rith 2014, mar a bhí amhlaidh gach bliain ó thosaigh an ghéarchéim airgeadais in 2008, bhí gach Cuideachta Oibríoch ag obair go dlúth leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun laghduithe breise ar ioncam ó na conarthaí OSP sin a iompar agus iad ag coimeád ar bun seirbhísí iompair phoiblí sna trí chuideachta, ó thaobh minicíochta agus cáilíochta.

Cúis áthais dúinn in 2014, ainneoin tuilleadh laghdaithe fós a bheith le tabhairt faoi deara san ioncam ón gConradh OSP, gur thuairiscigh Bus Átha Cliath agus Bus Éireann toradh dearfach i ndáil lena gconarthaí OSP. Thabhaigh Iarnród Éireann, cailteanas breise, cailteanas laghdaithe, ar a sheirbhísí OSP. D'éascair feidhmíocht fheabhsaithe na gconarthaí OSP as meascán de na nithe seo a leanas:

- Méadú ar an líon turas paisinéirí.
- Ról na foirne i ndáil le laghdú costais.
- Méadú ar tháillí.

Bhí an ranníocaíocht dhearfach chomhiomlán a d'éascair as conarthaí OSP cothrom le €8 milliún, figiúr arb ionann é agus 1.2% den chostas a bhaineann leis na seirbhísí seo a



In 2014 laghdaíodh an t-easnamh carnach ó sheirbhísí iompair phoiblí €8.0 milliún

sholáthar. Chabhraigh an ranníocaíocht seo chun an easnamh comhiomlán ar chonarthaí OSP ó 2008 i leith a laghdú go dtí €203 milliún.

Ag obair i gcomhpháirt lenar Scairshealbhóir agus leis an Rialtóir agus gan tábhacht an iompair phoiblí sa gheilleagar trí chéile a ligean i ndearmad, tá CIÉ ag leanúint ag obair agus é mar aidhm aige méid, caighdeán agus minicíocht sheirbhísí iompair phoiblí an Ghrúpa a chothabháil.

Tá an t-easnamh carnach i rith na tréimhse sin maoinithe ag CIÉ trí mheascán d'fhiachas bainc agus míreanna suntasacha de phunann réadmhaoine CIÉ a dhíol, cur chuige a raibh fáltais de €121 milliún mar thoradh air. Ainneoin poitéinseal teoranta a bheith ann ioncam suntasach a fháil as díol sócmhainní réadmhaoine sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, baineann fóirthábhacht le feidhmíocht dhearfach oibriúcháin a chothabháil (trí líon turas paisinéirí a mhéadú, costais a rialú agus leibhéal cuí ioncaim ó chonradh OSP a chothabháil) chun bonn caipitil an Ghrúpa a athshlánú chuig leibhéal cuí.





Cailteanas Carnach ar Chonarthaí OSP ó 2008 i leith

Is féidir anailís a dhéanamh ar an gcaillteanas carnach ar chonarthaí OSP ó 2008 i leith mar seo a leanas:

	Turas Paisinéirí OSP m	Ioncam ó Sheirbhísí Poiblí €m	Costais Seirbhísí Poiblí €m	Ioncam ó Chonarthaí OSP €m	Cailteanas ar Chonarthaí OSP €m
2008	227.7	469	(817)	309	(39)
2009	200.8	441	(771)	303	(27)
2010	186.4	402	(721)	276	(43)
2011	182.9	389	(700)	265	(46)
2012*	180.6	406	(724)	278	(40)
2013	179.7	440	(682)	226	(16)
2014**	186.1	465	(669)	212	8
Cailteanas Carnach ar Chonarthaí OSP					(203)

* áirítear leis íocaíocht OSP neamhphleanáilte €36 milliún

** lena n-áirítear maoiniú forliontach ar fiú €19 milliún é

In 2014, den chéad uair ó 2008, tugadh méadú sa líon paisinéirí OSP faoi deara. Chabhraigh an treocht dhearfach seo i dteannta le héifeacht dhearfach an mhéadaithe ar tháillí chun ioncam ó tháillí ar chonarthaí OSP a mhéadú beagnach 6% i rith na bliana. Tá tuilleadh dul chun cinn fós déanta maidir le costais an ghréasáin iompair poiblí a laghdú, laghdaíodh na costais seo 2% i rith na bliana, tríd an laghdú carnach a bhain leis na costais seo a laghdú go dtí 18% den chéad uair ó 2008.

Leanadh leis an laghdú ar leibhéil ioncain chonradh OSP a thabhairt faoi deara, agus is ionann na leibhéil ioncain anois

agus 69% de leibhéil 2008. D'ainneoin seo d'éirigh leis an nGrúpa seirbhísí poiblí a chothabháil agus a fheabhsú i dtéarmaí minicíochta agus caighdeáin.

Éileoidh inbhuanaitheacht airgeadais níos fadtéarmaí CIÉ go leanfar le toradh réasúnach a bheith ag eascirt as conarthaí OSP ar bhonn bliantúil. D'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach freisin meicníochtaí a mheas astu féin d'fhonn déileáil leis an easnamh leagáide.

Mike Flannery

Príomhoifigeach Oibriúcháin

Athbhreithniú na nOibríochtaí 2014

Turais Chustaiméara

Turais Chustaiméara	2014 m	2013 m	Athrú m
Bus Átha Cliath	118.6	114.4	4.2
Bus Éireann	37.2	35.7	1.5
Iarnród Éireann	37.8	36.7	1.1
Líon Iomlán Turas Paisinéirí	193.6	186.8	6.8
Iompar na Scoileanna	43.9	41.1	2.8
Líon Iomlán Turas Paisinéirí	237.5	227.9	9.6

Ba ionann an líon iomlán turas paisinéirí a thairiscigh an Grúpa agus feabhas suntasach i gcomparáid le 227.9 milliún turas a tuairiscíodh in 2013 agus 237.5 milliún turas a tuairiscíodh in 2014. Seo a leanas achoimre ar an treocht bunaithe ar an gcuideachta oibríúcháin:

1. Mhéadaigh líon turas Iarnród Éireann den chéad uair ó 2008.
2. Is ionann an feabhas a tugadh faoi deara ar líon turas Bus Átha Cliath agus fianaise ar feabhas a bheith ag teacht ar choinníollacha ginearálta eacnamaíocha.
3. Thug Bus Éireann fás leanúnach faoi deara ar fud na seirbhísí atá á thairiscint aige; Expressway, Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (OSP) agus Scoileanna.

Rannpháirtíocht le Custaiméirí

I measc na dtionscnamh a soláthraíodh in 2014 chun feabhas a chur ar thaithí na gcustaiméirí, áirítear na tionscnaimh seo a leanas:

- Iontaofacht seirbhíse feabhsaithe seachadta trí thionscadal an Ghréasáin Dhírigh i mBus Átha Cliath.
- Pleanáil mhionsonraithe le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród, an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus an Garda Síochána chun a chinntiú nach gcuirfidh an obair riachtanach atá le déanamh mar chuid de thionscadal Luas Traschathrach isteach an iomarca ar chomaitéirí i mBaile Átha Cliath.

- Soláthraíodh 70 bus nua i mBaile Átha Cliath le cabhair NTA. Tá flít iomlán Bus Átha Cliath anois úrlár ísil inrochtana agus beifear in ann an córas fógartha fuaimne maidir leis an gcéad stad eile agus an chomharthaíocht ar bord maidir leis an gcéad stad eile a chur i bhfeidhm ar na feithiclí nua seo freisin.
- Athbhreithniú ar amchlár na seirbhíse Expressway, libhré nua a bhunú agus dlús a chur faoi ghníomhaíochtaí poiblíochta.
- Tá RTPI ag gach stad ar ghréasán Bus Éireann trí aip fhíor-ama Transport for Ireland.
- Tá breis is 900,000 Cárta Leap in úsáid. I rith 2014, eisíodh Cártaí Leap i gCorcaigh, Gaillimh agus Luimneach. Eiseofar Cártaí Leap i bPort Láirge in 2015.
- Tá CIÉ, trí Bus Éireann, freagrach as breis is 43.9 milliún turas scoile a sholáthar thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna. In 2014, soláthraíodh 250 seirbhís nua scoile agus feabhsaíodh 500 seirbhís bhreise.
- In 2014, bhunaigh Bus Éireann córas nua TF don scéim iompair scoile, córas a bheidh mar bhonn le taithí chustaiméirí na scéime a fheabhsú sna blianta amach romhainn.
- Poncúlacht feabhsaithe, is léir go bhfuil na riachtanais atá sonraithe i gconradh OSP Iarnród Éireann á sárú ag na bealaí iarnróid ar fad – tugadh poncúlacht 95% faoi deara i bhformhór na gcásanna agus sáraíodh an riachtanas poncúlachta 90% atá luaite sa chonradh OSP i ngach cás.
- Cuireadh tús lenár n-infheistíocht sa chlár Customer First in Iarnród Éireann, clár a bheidh mar bhonn lenár dteagmháil lenár gcustaiméirí a athrú, agus bealach lena chinntiú gurb é an custaiméir croilár an ghnó.
- Gníomhaíocht poiblíochta bunaithe ar dhíolacháin ar líne agus ar mhargadh taistil na mac léinn, margaí ba chúis leis an bhfás a tugadh faoi deara ar an líon turas a rinne paisinéirí iarnróid.



D'éirigh le
CIÉ Tours a
fheidhmíocht
margaidh a
choimeád ag na
leibhéil ab airde
riamh in 2013



Chobhsaigh an t-ioncam oibríúcháin ó Réadmhaoin Ghrúpa agus Líonra Fógraíochta Comaitéirí in 2014



CIÉ Tours

	2014 €m	2013 €m	Athrú €m
Ioncam ó Thurais	77.8	67.9	9.9
Barrachas Oibríúcháin	2.6	3.6	(1.0)

D'éirigh le CIÉ Tours an méid céanna gnó a dhéanamh agus a rinneadh in 2013. In 2014 bhí an líon paisinéirí cothrom le 49,173 i gcomparáid le 49,400 in 2013.

Tugadh tuilleadh fáis faoi deara i margadh na Stát Aontaithe agus i ndíolachán turas cóiste a reáchtáiltear sa Bhreatain Mhór agus in Éirinn. Ba leor an fás seo chun éifeacht an scoir bheartaithe ó mhargadh grúpa na hEorpa a fhritháireamh.

Is fianaise é an fás leanúnach de 14% ar ioncam agus meascán athraitheach díolachán.

Is ionann an méadú atá tagtha bliain i ndiaidh a chéile ar chostais oibríúcháin agus fianaise ar na trí fhachtóir seo a leanas:

- (i) An costas níos airde atá luaite le turais a thugtar ar Éirinn agus ar an mBreatain Mhór.
- (ii) Breis foirne sna Stáit Aontaithe chun dóthain tacaíochta a sholáthar chun déileáil leis an leibhéal méadaithe gnó atá tugtha faoi deara ag CIÉ Tours le dhá bhliain anuas.
- (iii) Eascraíonn caillteanas ráta malairte as luachmhéadú tapa dhollar na Stát Aontaithe ar luach taiscí custaiméirí faighte i ndáil le taisteal a rinneadh in 2015.

Tá an chuideachta in acmhainn forbairtí margaidh a thuar, a sciar den mhargadh a mhéadú agus leanúint air ag feidhmiú mar an tionscnóir turasóireachta is mó a bhfuil turasóirí á thabhairt ó na Stáit Aontaithe go hÉirinn aige.

Réadmhaoin Ghrúpa agus Líonra Fógraíochta Comaitéirí

Réadmhaoin

Mhéadaigh ioncam comhlán cíosa réadmhaoine 16%. I rith 2014, d'éirigh le CIÉ an barrachas ina acmhainn snáthoptaice a thráchtáil agus tá a bhonn custaiméirí don ghnó seo forbartha aige freisin. Beidh tairbhe an chomhaontaithe seo mar bhonn le ranníocaíocht a ghiniúint do larnród Éireann, ranníocaíocht a chabhróidh chun an glanchostas a bhaineann lena oibleagáidí iompair seirbhíse poiblí a laghdú.

San áireamh san ioncam gaolmhar réadmhaoine bhí glan-ioncam cíosa de €7.4 milliún in 2014 (2013 – €7.8 milliún) fianaise ar laghdú a bheith tagtha ar ioncam i gcomparáid lena bhfuil luaite sa chomhaontú léasa snáthoptaice atá i bhfeidhm faoi láthair.

Is léir margadh forbartha na réadmhaoine tráchtála a bheith ag teacht chuige féin agus tá athbhreithniú á dhéanamh againn ar ár bpunann réadmhaoine sa chomhthéacs seo, agus béim ar leith á leagan againn ar Stáisiún Uí Chonghaile agus Stáisiún Heuston, Sráid an tSirriam, Sráid na Mainistreach, Sráid na Teamhrach agus an Fhaiche Mhór, Gaillimh.

Leanann Réadmhaoin Ghrúpa de sheirbhísí gairmiúla a sholáthar do thionscadail éagsúla bonneagair de chuid larnróid Éireann.

Líonra Fógraíochta Comaitéirí (CAN)

Chobhsaigh feidhmíocht oibríúcháin CAN in 2014 i ndiaidh roinnt blianta inar tugadh laghdú ar éileamh faoi deara. Méadaigh ioncam foriomlán CAN 5%. Bronnadh conradh nua ar Exterion Media in Eanáir 2014 agus tá ag éirí go maith leis na socruithe nua. Tá tús curtha le tionscadal a bhfuil sé mar aidhm leis an pacáiste fógraíochta a uasghrádú agus a chinntiú go mbeidh táirge atá mealltach á chur i láthair an lucht fógraíochta.





Feidhmíocht láidir
bunaithe ar thurais
phaisinéirí a fheabhsú
agus dea-rialú costais



Bus Átha Cliath

Bliain dhearfach do Bus Átha Cliath ba ea 2014. Tugadh méadú leanúnach faoi deara sa líon paisinéirí i rith na bliana rud a chiallaigh go raibh 118.6 milliún paisinéir ag an gcuideachta i rith na bliana, méadú sa bhreis ar 4.2 milliún i gcomparáid le 2013.


Cúis dóchais é go bhfuil barrachas airgeadais á thuairisciú ag Bus Átha Cliath arís i mbliana. In 2014 thuill Bus Átha Cliath glanbharrachas de €11.6 milliún. Barrachas €0.5 milliún a bhí ann in 2013.

I measc na ngnéithe is suntasaí de na torthaí airgeadais tá fás ioncaim de €11.9 milliún agus tuilleadh laghdaithe costais eile fós ar fiú €4.3 milliún iad. Trí mheascán d'fhás ioncaim agus bearta diana párolla agus laghdaithe forchostais, mhéadaigh barrachas na cuideachta in 2014. Baineann fíorthábhacht leis na bearta seo i gcomhthéacs cobhsaíocht airgeadais inbhuanaithe a bhaint amach sna blianta amach romhainn.

Ciallaíonn an meascán seo de bhearta laghdaithe costais, seirbhís feabhsaithe agus fás ioncaim go bhfuil an chuideachta ag dul i dtreo cobhsaíocht airgeadais inbhuanaithe a chinntiú. Ba í an treocht dhearfach seo ar an líon turas ba chúis le Bus Átha Cliath dlús a chur faoina chéad fheachtas earcaíochta le seacht mbliana anuas. Fostaíodh 160 tiománaí nua anuraidh chun freastal ar an éileamh a bhí ann agus d'fhonn a chinntiú go bhfuil seirbhís ar ardchaighdeán á cur ar fáil do chustaiméirí.

Lean an chuideachta ag cur lena thiomantas seirbhísí a fheabhsú do chustaiméirí trí roinnt forbairtí éagsúla a rinneadh i rith na bliana. I measc na bhforbairtí seo bhí cur leis an líon comharthaí Eolais Fhíor-Ama do Phaisinéirí ag stadanna bus éagsúla, na fógraí fuaimne maidir leis an gcéad stad eile a chur i bhfeidhm, Wi-Fi saor in aisce ar gach bus agus áiseanna breise a chiallaíonn go bhfuil luach ar airgead á fháil ag custaiméirí tríd an gCárta Leap. Baineadh úsáid as Cártaí Leap sa bhreis ar 30 milliún uair ar sheirbhísí in 2014. Díol suntais freisin is ea go bhfuil aip Bus Átha Cliath i measc na ndeich n-aip Éireannacha is mó a bhfuil tóir ag custaiméirí orthu.

Forbairt dhearfach eile don chuideachta ba ea gur bhronn an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) an Conradh Seirbhíse Poiblí don tréimhse idir 2014 agus 2019. In 2014 fuair Bus Átha Cliath íocaíochtaí arbh fhiú €60 milliún iad ón Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (OSP); laghdú €4.5 milliún i gcomparáid le 2013. Dhearbhagh NTA go bhfuil an íocaíocht OSP atá luaite le 2015 cothrom le €60.1 milliún, fianaise ar chobhsaíocht a bheith le brath in íocaíochtaí OSP an athuir. Chomh maith leis sin, tá NTA ag leanúint le tograí chun earnáil den mhargadh a



oscailt do phróiseas tairisceana iomaíoch – tá Bus Átha Cliath tiomanta do ról lárnach a ghlacadh sa phróiseas seo.

Is gréasán fíorthábhachtach iompair é Bus Átha Cliath agus tá ról lárnach aige i bhfás sa gheilleagar agus i gcruithú post a éascú. De réir mar a bheidh an geilleagar ag fás, beidh an líon paisinéirí ag fás freisin. Tá tús áite á thabhairt againn do fhreastal ar éileamh custaiméirí agus seirbhís oiriúnach a chur ar fáil don chathair nuair a bhíonn an tseirbhís sin ag teastáil.

Is ionann an obair atá déanta le blianta beaga anuas chun gréasán níos simplí agus níos fearr a chruthú agus chun eispéireas an chustaiméara a fheabhsú, agus bonn maith chun ár seirbhísí a fheabhsú, freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí agus custaiméirí nua a mhealladh.

Ó 2012 anonn, tá 160 bus nua curtha leis an bhflít, le tacaíocht ó NTA. Chabhraigh sé seo freisin le meánaois an fhlít a laghdú go dtí 7.5 bliain. Is é an sprioc atá againn 90 bus nua a fháil in aghaidh na bliana chun meánaois an fhlít a laghdú go 6 bliain. Tá dualgas orainn freisin cabhrú chun na deacrachtaí a bhaineann le plódú tráchta a chosc. Deacracht amháin a tugadh faoi deara sa chathair anuraidh mar gheall ar feabhas a bheith ag teacht ar an ngeilleagar an athuir é plódú tráchta. Tá Bus Átha Cliath ag tacú le tionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo iontaofacht a fheabhsú trí thús áite a thabhairt do bhusanna ag soilse tráchta agus Lána Gasta a bheith in úsáid mar shampla. Beidh an córas bus feabhsaithe seo mar bhonn le seirbhísí gasta a sholáthar mar aon le cumas freastal ar líon níos mó paisinéirí.

Tá dúshlán shuntasacha fós le sárú agus leanfaidh an Fhoireann Bainistíochta Sinsearach agus an Bord le béim a leagan ar bhainistíocht chúramach agus stuama na n-acmhainní teoranta airgeadais a bheidh ar fáil ag an gcuideachta. I measc na réimsí a ndíreofar orthu beidh bainistíocht an fhlít; an leibhéal cúí fóirdheontais a sholáthar don leibhéal seirbhíse atá á thairiscint; leanúint le luach ar airgead a thabhairt do chustaiméirí mar aon le seirbhís oiriúnach ar ardchaighdeán a sholáthar.



Bus Éireann

Forbhreathnú

Ainneoin Bus Éireann a bheith fós ag feidhmiú i dtimpeallacht dhúshlánach in 2014, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gcuideachta chomh fada is a bhaineann lena chuspóir sonraithe .i. fillleadh ar staid airgeadais níos inbhuanaithe. Bhí fás ioncaim agus éifeachtúlachtaí breise costais mar bhonn le torthaí airgeadais feabhsaithe a bheith luaite le táirgí OSP agus tráchtála, agus d'eascair tuilleadh coigiltis fós don Roinn Oideachais agus Scileanna as éifeachtúlachtaí i soláthar seirbhísí iompair scoile. Thuairiscigh an chuideachta gur fhás an t-ioncam oibriúcháin (Scoileanna agus Paisinéirí Bóthair) 2.7% bliain i ndiaidh a chéile, agus táimid ag súil go leanfar leis an leibhéal fáis seo i rith 2015. Áirítear anseo fás de bhreis is 5% ar ioncam príomhphaisinéirí bóthair.

Mhéadaigh an líon turas paisinéirí 5.6% ar an meán i gcathracha réigiúnacha, cúis bróid dúinn, i bhfianaise an choir chun donais sa gheilleagar a bhfuil a rian fágtha aige ar shocháil na hÉireann ó 2008 anonn. D'eascair sé seo as feabhas ar an ngréasán, infheistíocht in Wi-Fi agus i dteicneolaíocht eile, mar aon le hiompar poiblí a bheith in úsáid ag níos mó daoine.

Príomhéachtaí 2014:

- Méhadaigh ioncam paisinéirí beagnach €7 milliún (5.3%) ar sheirbhísí OSP agus Expressway.
- Tionchar na bliana iomláine ar éifeachtúlachtaí costais ó 2013.
- Leanúint le gréasán comhtháite seirbhísí a sheachadadh.
- Méadú 1.5 milliún (4%) ar thurais chustaiméirí ar paisinéirí bóthair iad.
- A chinntiú go raibh brabús luaite leis an tseirbhís Expressway in 2014.
- Glansócmhainní a athshlánú go dtí 76% de scairchaipiteal glaoite i ndiaidh laghdú go dtí faoi bhun 50% de scairchaipiteal glaoite i lár 2013.

Buaicphointí Airgeadais

Ar an iomlán, tá barrachas €5.1 milliún á thuairisciú ag an gcuideachta do 2014 i gcomparáid leis an mbarrachas de €0.4 milliún a tuairiscíodh in 2013. Bhí an toradh do 2014, míreanna eisceachtúla as an áireamh, cothrom le barrachas de €7.2 milliún, toradh, ainneoin é a bheith spreagúil, a léiríonn nach mór don chuideachta cúrsaí ioncaim agus caiteachais a fheabhsú tuilleadh chun maoiniú a chur ar fáil d'infheistíocht tráchtála.

Tá gréasán comhtháite de sheirbhísí OSP agus Tráchtála á sholáthar ag Bus Éireann. Chomh maith leis sin, soláthraíonn an chuideachta seirbhísí Iompar Scoile thar ceann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

Ainneoin gur buntáiste mór do phobal na tuaithe, an gréasán comhtháite, ní mór don chuideachta cuntas airgeadais ar leith a choinneáil do gach táirge. Fanann maoiniú cruthaithe ag OSP laistigh den ghréasán OSP, déantar aon bharrachas a eascraíonn as seirbhísí Iompar Scoile a imfhálú lena ath-infheistiú sa scéim agus ní féidir leis an tseirbhís Expressway teacht ar mhaoiniú atá ginte aige féin.

Seo a leanas sonraí an bharrachais, gan míreanna eisceachtúla san áireamh, atá luaite le gach táirge in 2014:

Barrachas roimh Mhír Eisceachtúil	€m
Seirbhísí OSP	4.1
Luasbhealach	0.6
Iompar na Scoileanna	2.3
Tráchtáil eile	0.2
Iomlán	7.2

Áirítear sna torthaí OSP tacaíocht bhreise Stáitchiste ar fiú €7.0 milliún é. Tá an tSeirbhís Expressway ag feidhmiú i margadh atá thar a bheith iomaíoch, fianaise ann féin ar an ngá atá le dul chun cinn ar bhonn leanúnach ar laghdú costais. Tá aon bharrachas a eascraíonn as an tseirbhís Iompar Scoile á imfhálú lena ath-infheistiú sa Scéim Iompar Scoile.

Infheistíocht Chaipitil

Lean Bus Éireann le hinfeistíocht a dhéanamh in áiseanna, córais TF agus trealamh agus innealra d'fhonn a chinntiú go mbeidh sé in ann dul san iomaíocht le cuideachtaí eile agus chun feabhas a chur ar na táirgí a bheidh á dtairiscint againn dár gcustaiméirí i rith na bliana. Chomh maith leis sin, ag deireadh 2014, ghlac an chuideachta le flít nua dá seirbhísí OSP agus Expressway. Beidh an flít seo in úsáid in 2015 agus beidh sé mar bhonn lena chinntiú go mbeidh seirbhís níos fearr á tairiscint againn dár gcustaiméirí. In 2014 bhí an caiteachas caipitil cothrom le €26.7 milliún, agus chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) maoiniú i bhfoirm deontas caipitil le €25.3 milliún ar fáil chun flít agus trealamh a cheannach.

Sábháilteacht

Arís i mbliana, leag an chuideachta béim shuntasach ar chúrsaí sábháilteachta. I rith 2014, lean Bus Éireann ag cloí leis na caighdeáin sábháilteachta is airde dá bhfuil ann agus cuireadh na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta inmheánacha ar fad i gcrích. Creidimid go n-éireoidh linn tús áite a thabhairt do chúrsaí sábháilteachta in 2015 trí bhéim a leagan ar ardteicnící tiomána, agus a chinntiú go mbeidh Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC) ag na tiománaithe ar fad.



Cosúil leis an gcarr.
Ach níos fearr.

Caidreamh Poiblí agus Freagracht Shóisialta Chorporáideach

I rith 2014 lean Bus Éireann lena rannpháirtíocht ghníomhach leis na meáin ar leibhéal náisiúnta, áitiúil agus réigiúnach. Tá sé seo ag teacht leis an mbéim shuntasach atá á leagan ar chaidreamh poiblí, chomh fada is a bhaineann le heolas a roinnt lenár gcustaiméirí agus páirtithe leasmhara maidir le seirbhísí, táirgí nua, athbhreithnithe gréasáin, athruithe ar amcláir agus an bhaint atá againn le tionscnaimh agus le himeachtaí poiblí – lena n-áirítear na seirbhísí speisialta éagsúla a chuirimid ar fáil i rith na bliana.

Is é Bus Éireann príomh-urraitheoir Fhéile na nGael and Fhéile na nÓg, eagraíochtaí a bhfuil comórtais spóirt do bhuachaillí agus do chailíní óga á n-eagrú acu ar fud na hÉireann gach bliain. In 2014, chuir Bus Éireann tús lena urraíocht ar Fleadh Cheoil na hÉireann.

Is é an Fleadh an fhéile ceoil traidisiúnta mó ar domhan agus ba i Sligeach a reáchtáladh an fhéile in 2014. Is deis atá ann ár mbranda a chur i lár an aonaigh. Tá rannpháirtíocht agus urraíocht a dhéanamh ar a leithéid d'imeachtaí ag teacht lenár n-éiteas pobail agus lenár mbeartas maidir le freagracht shóisialta chorporáideach. Mheall an fhéile seo breis is 300,000 cuairteoir chomh fada le Sligeach agus leis an gceantar máguaird, agus is ann a bheidh an fhéile á reáchtáil in 2015 freisin.




Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe

Rinneadh an chéad Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe sa chuideachta trí chéile i mí na Nollag 2014 agus eisíodh na torthaí ag tús 2015. Cuireadh na torthaí faoi bhráid na foirne agus beidh torthaí an tsuirbhé mhionsonraithe seo á bplé ag ionadaithe ón gcuideachta leis an bhfoireann. Cúis dóchais é an scór an-ard i dtéarmaí a ndílseachta don chuideachta a léirigh an fhoireann a rinne an suirbhé.

Iompar Scoile

In 2014 lean an chuideachta le seirbhísí iompar scoile a sheachadadh thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna. Tá an tseirbhís seo á soláthar ag meascán de sheirbhísí inti agus seachtracha. Tá sé mar aidhm ag Bus Éireann luach ar airgead a chinntiú i gcónaí agus bhain an Roinn Oideachais agus Scileanna tairbhe as éifeachtúlachtaí breise in 2014 chomh maith.

Gach lá scoile iompraíonn Bus Éireann 112,500 leanbh scoile ar an gcóras iompar scoile, trí úsáid a bhaint as beagnach 4,000 feithicil ar sheirbhísí atá á gcomhordú chun freastal ar 6,000



bealach ar leith, bealaí atá ag freastal ar thart ar 3,000 scoil ar fud na tíre. Tá tús áite á thabhairt againn do shábháilteacht na leanaí scoile atá ag taisteal ar ár seirbhísí iompar scoile agus i rith 2014 leagadh béim ar leith ar shábháilteacht ar bhusanna scoile agus príomhtheachtaireachtaí sábháilteachta a chur in iúl.

Le déanaí, d'infheistigh Bus Éireann i gcóras TF nua d'Iompar Scoile agus beidh infheistíocht á déanamh aige in uasghrádú á Fhlít Iompar Scoile i rith 2015.



Iarnród Éireann

Foriomlán

Is léir go bhfuil feabhas tagtha ar fheidhmíocht sábháilteachta, seirbhísí do chustaiméirí agus feidhmíocht airgeadais Iarnród Éireann, agus go raibh leibhéil seirbhísí á gcothabháil, agus á seachadadh ag lucht oibre a bhfuil laghdú suntasach tagtha air le blianta beaga anuas.

Áirítear i measc bhuaicphointí 2014:

- Breis is 1 mhilliún turas iarnróid breise, an chéad bhliain ar tugadh fás faoi deara ó tugadh éifeacht an choir chun donais sa gheilleagar faoi deara. Tugadh an méadú sa líon paisinéirí faoi deara sna seirbhísí náisiúnta agus uirbeacha iarnróid ar fad.
- Méadú ar ár ngnó lastas iarnróid agus Europort Ros Láir, 1.3% agus 4.3% faoi seach.
- Fás 4.6% ar ioncam paisinéirí.
- Laghdú leanúnach ar chostas de €2.6 milliún, a raibh coigilteas €75.7 milliún ar chostais bhliantúla ó 2007 anonn luaite leis.
- Poncúlacht feabhsaithe, sháraigh gach bealach na riachtanas atá luaite i gconarthaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí.
- Cuireadh tús lenár n-infheistíocht sa chlár Customer First, clár a bheidh mar bhonn lenár dteagmháil lenár gcustaiméirí a athrú, agus bealach lena chinntiú gurb é an custaiméir croílár an ghnó.
- Feabhas ar phríomhtháscairí feidhmíochta sábháilteachta.

Airgeadais

Is ionann an toradh foriomlán don bhliain agus easnamh €2.2 milliún i gcomparáid le heasnamh €16.4 milliún in 2013. Ní raibh sé seo ag teacht, áfach, lena raibh tuartha i ndiaidh maoiniú forlíontach a bheith faighte ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTaS) i mí na Nollag 2014, maoiniú a raibh tionchar aige ar thorthaí deireadh bliana eile freisin. Ainneoin go raibh an maoiniú seo ag teastáil agus gur chuir sé ar chumas Iarnród Éireann tabhairt faoi oibreacha riachtanacha cothabhála flit agus bonneagair, baineann dúshlán fós le staid airgeadais na cuideachta.

Mar a dhearbhaigh DTTaS i rith 2014, tá ár sócmhainn bonneagair tearcmhaoinithe thart ar €70 milliún in aghaidh na bliana.

Ní hamháin go mbeidh impleacht ag tearcmhaoiniú leanúnach an bhonneagair ar ár sláine airgeadais, beidh impleachtaí eile gnó aige freisin le cur san áireamh díreach mar a tharla ag tréimhsí éagsúla roimhe seo – lena n-áirítear luas na línte a laghdú agus níos mó dúshlán a bheith ag baint ag feidhmíocht sábháilteachta a chothabháil. Beidh tionchar aige seo freisin ar fhás spriocdhírthe ar ghnó. Tá an maoiniú forlíontach a sholáthair DTTaS in 2014 á sháru ag an leibhéal tearcmhaoinithe, fianaise ann féin ar an tábhacht a bhaineann le leibhéil mhaoinithe inbhuanaithe a chinntiú dár seirbhísí agus dár ngréasán.

Buaicphointí Airgeadais

Ioncam	€218.0m	+ 11.7%
Íocaíochtaí OSP	€117.4m	- 7.6%
MAC	€129.8m	
EBITDA	€34.8m	+ 37.1%
Easnamh	€2.2m	
Ranníocaíocht leis an Státhiste i gcánacha	€73.5m	
OSP	37.8m	+ 3.0%
Traein phaisinéirí km	16.9m	Gan athrú
Poncúlacht		
DART	97.6%	+ 1.2%
Idirchathrach	97.1%	+ 1.2%
Comaitéireacht	97.7%	+ 0.4%
Lastas tonna kms	99.8m	+ 1.0%
Ioncam Ros Láir	€10.1m	+ 4.3%
Fostaithe (meán)	3,770	- 22

Oibríochtaí Traenacha

In 2014 tugadh fás suntasach sa líon turas paisinéirí agus san ioncam paisinéirí, 3.0% agus 4.6% faoi seach, faoi deara. Ar an iomlán, mhéadaigh an líon turas paisinéirí 1.1 milliún go dtí 37.8 milliún, an chéad bhliain ó 2007 ar tugadh fás faoi deara. Tugadh fás faoi deara sna gnóthaí go léir – Intercity, DART agus Comaitéir ag 3.4%, 2.1% agus 3.5% faoi seach.

Tugadh feabhas ar phoncúlacht traenach faoi deara thar raon beart éagsúil agus tugadh feabhas ar phoncúlacht faoi deara ar fhormhór na mbealaí, agus bhí poncúlacht de bhreis ar 95% luaithe le formhór na gcásanna – sa bhreis ar an riachtanas íosta OSP de 90%.

Leagadh béim faoi leith ar mhoilleanna i rith shéasúr thitim na nduilleog an fhómhair, tréimhse ina tugadh laghdú faoi deara ar líon agus ar thionchar eachtraí moille mar gheall ar ghreamaitheacht íseal iarnróid.

Bainisteoir Bonneagair


Tá gnó an Bhainisteora Bonneagair freagrach as cothabháil an ghréasáin.

I measc na bhfoinsí ioncain a d'fhéadfadh a bheith ag gnó an Bhainisteora Bonneagair tá maoiniú ón gConradh Ilbhliantúil agus táillí rochtana riain ó oibríochtaí traenach, oibríochtaí paisinéara agus lastais san áireamh. As ioncam de €191.7 milliún, thuiriscigh an Bainisteoir Bonneagair easnamh de €2.1 milliún.

Ba í 2014 an chéad bhliain iomlán a raibh an Conradh Ilbhliantúil i bhfeidhm inti agus cuireadh na riachtanais ar fad i gcrích i rith na bliana. San áireamh anseo bhí na cláir oibre ar fad a chur i gcrích laistigh den chaiteachas a bhí luaithe mar aon le clár cuíchóirithe gréasáin a chur i gcrích, clár a raibh sé mar aidhm leis fáil réidh le sócmhainní barrachais.

Infheistíodh caiteachas caipitil €122.4 milliún san iarnród i rith 2014. Áirítear leis na tionscadail atá ar siúl i láthair na huaire:

- Oibreacha droichid ionas gur féidir crosaire Reilly a dhúnadh, crosaire atá suite siar ó thuaidh ó stáisiún Dhroichead Broom, oibreacha a cuireadh i gcrích agus osclaíodh an bóthar nua ag tús mhí Feabhra 2015.
- Oibreacha a éascú chun Tarbhealach Dhroichead Átha a athchóiriú, oibreacha ar cuireadh tús leo i mí na Bealtaine, a bhfuil maoiniú Interreg AE á fháil ina leith agus oibreacha atá á ndéanamh i gcomhar le Translink.
- Réamhoibreacha dearaidh lena n-áirítear riachtanais bhreise bonneagair, amchlár molta, cás gnó agus tionchar ar leibhéal fóirdheontais agus líne thollán Pháirc an Fhionnuisce in úsáid mar éascaitheoir do sheirbhísí breise ó Chill Dara go dtí tuaisceart na cathrach agus stáisiún lár na cathrach.
- I nDeireadh Fómhair 2013, coimisiúnaíodh Céim 1 de thionscadal athchomharthaíochta Lár na Cathrach chun trealamh comharthaíochta nua a shuiteáil ó Mhullach Íde go Cill Easra. Tá sé beartaithe Céim 2 agus Céim 3 a choimisiúnú i Ráithe 4, ar aon dul leis an gclár oibre céime. Éascóidh an tionscadal seo acmhainn mhéadaithe ar gach seirbhís iarnróid.



² Ag infheistiú inár dtodhcaí iompair – Creat straitéiseach le haghaidh infheistiúchta in iompar ar tír (Lúnasa 2014)

Lean Iarnród Éireann le raon tionscadal bonneagar iarnróid a sheachadadh in am agus laistigh den bhuiséad



Lastas Iarnróid

Áirítear iad seo a leanas i measc príomhthráchtanna lastais na cuideachta in 2014:

- Mian since ó Mhianaigh na Teamhrach chuig Calafort Átha Cliath.
- Adhmad ó Mhaigh Eo chomh fada le Muileann Láin Phort Láirge.
- Traenacha Coimeádán ó Bhéal an Átha chuig Calafort Átha Cliath agus Calafort Phort Láirge.

Mhéadaigh ioncam lastas iarnróid 3.3% go dtí €5.1 milliún in 2014, agus méadaigh an líon iomlán ciliméadar tonna beagnach milliún go dtí 99.8 milliún.

Táthar ag díriú ar roinnt deiseanna nua gnó, agus tá sé mar aidhm le hoibriú traenacha níos faide costaonad lastas iarnróid a laghdú do chustaiméirí.

D'éirigh go maith le gnó Freight Navigator Iarnród Éireann, gnó atá dírithe ar pháirteanna uathghluaisneacha do charranna a bhailiú agus a dháileadh, in 2014 sháraigh an t-ioncam a thuill an gnó an 7% a bhí tuartha. Ba é an gnó Freight Navigator an gnó is fearr ar éirigh leis san Eoraip san earnáil seo freisin – seachadadh 99% de na horduithe in am ar fud na hÉireann.

Europort Ros Láir

Is é Iarnród Éireann atá ag feidhmiú mar Údarás Calafóirt ag Europort Ros Láir, an dara Calafóirt is gnóthaí sa Stát i dtéarmaí cuairteanna ó longa, tréachur paisinéirí agus lastas aonadaithe.

Ainneoin tionchar dochrach a bheith ag na drochstoirmeacha ba chionsiocard le líon ollmhór cealuithe in Eanáir agus Feabhra, tugadh méadú 4% faoi deara bliain i ndiaidh bliana arbh fhiú €10.1 milliún é. Ag tacú leis seo bhí seirbhís sheachtainiúil nua don samhradh – LD Lines – seirbhís a bhí ag freastal ar St. Nazaire agus Gijon mar aon leis an tseirbhís Stena Line go Cherbourg, seirbhís a bhí á reáchtáil ag Celtic Link tráth. Tugadh méadú 2% ar aonaid lastais agus méadú 1% ar fheithiclí paisinéirí faoi deara.

Chomh maith leis sin, bhí na stoirmeacha mar bhonn le méid ollmhór gainimh a bhogadh i dtreo bhéal an chalafoirt agus b'éigean beart amháin a dhúnadh agus ní raibh ach rochtain teoranta ar bhearta eile. Cuireadh críoch leis an obair chun an gaineamh a bhogadh i rith na Nollag i ndiaidh na gceadúnas cuí a bheith faighte chun tabhairt faoin obair.



Luach a chur ar ár bpobal

In 2014, d'fhoilsigh Iarnród Éireann a chéad ráiteas maidir le Freagracht Shóisialta Chorporáideach, ráiteas inar sonraíodh tiomantais Iarnród Éireann do na pobail a bhfuil baint aige leo.

I measc ár dtiomantais tá an tionchar atá againn ar an timpeallacht a laghdú; seirbhísí a sholáthar ar bhealach sábháilte; bealaí le hidirghníomhú lenár gcomharsana agus lenár bpobail; an bealach a dhéanaimid ár gnó; an luach agus an tacaíocht a thugaimid dár bhfoireann; an bealach atá againn le caidreamh lenár bpáirtithe leasmhara a chothú.

Ag eascairt as an éifeacht thrámach a bhíonn ag iarrachtaí a dhéanann daoine iad féin a mharú ar ár ngréasán ar ár bhfostaithe, tá tiomantas corparáideach tugtha againn a chiallaíonn go bhfuilimid meáite ar aird a tharraingt ar cheisteanna meabhairshláinte. D'oibríomar i gcomhar le Mí Feasachta Meabhairshláinte Seechange na hÉireann in 2014 chun Ribíní Glasa a dháileadh saor in aisce ar chustaiméirí agus ar fhostaithe.

In 2014, chuir tionscnamh tacaíochta pobail Iarnród Éireann "The Journey's on Us" ar chumas 100 grúpa ó earnáil an phobail, ón earnáil dheonach, ón earnáil charthanachta agus ón earnáil an spóirt leas a bhaint as turas saor in aisce do ghrúpa daoine ar an traein.

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh sa Ghrúpa in 2014

Áirítear iad seo a leanas le hídiú fuinnimh an Ghrúpa:

- Ola dhíosail a úsáid i bhflíteanna bus Bus Átha Cliath agus Bus Éireann, carráiste Iarnród Éireann Intercity agus na Traenacha Díosail Ilaonad.
- Leictreachas a úsáid ar sheirbhís DART Iarnród Éireann, crosairí comhréidhe uathoibríocha, stáisiúin traenach agus bhus, seomraí trealaimh, ceardlanna agus riachtanais ghinearálta oifige.
- Gás nádúrtha agus ola téimh le haghaidh téamh spáis oifige agus ceardlann.

Tá próifíl úsáide 2013/2014 léirithe sa tábla thíos.

Próifíl ídithe fuinnimh an Ghrúpa	MWh 2014	MWh 2013
Ola dhíosail le haghaidh tarraingt feithiclí	981,412	1,016,037
Leictreachas le haghaidh tarraingt feithiclí	19,200	21,200
Leictreachas le haghaidh cuspóirí eile	48,453	48,708
Gás	21,868	25,469
Ola téimh	595	655



Bearta a glacadh chun Costais Fuinnimh a laghdú

Rinneadh coigilteas ar fud an Ghrúpa in 2014 maidir le costais fuinnimh, agus áirítear leo sin:

Bus Átha Cliath

Gníomhartha Déanta in 2014

In 2014 thug Bus Átha Cliath faoi roinnt tionscnamh a raibh sé mar aidhm leo a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Triail Bus Hibrideach.
- Braiteoirí Gluaisne Éighníomhacha Infridhearga (PIR) i stáisiúin.
- Monatóireacht a dhéanamh ar bhreosla flít bunaithe ar bhealach.
- 70 feithicil nua a cheannach a bhfuil innill chaighdeánacha Euro 6 iontu. Mhaoinigh NTA 65 de na feithicilí seo.
- Oiliúint Vigil Vanguard do thiománaithe – teicnící éici-thiomána.
- Aird na foirne a tharraingt ar chúrsaí fuinnimh.
- Leanúint le monatóireacht ar fhuinneamh sna foirgnimh ar fad.
- Sábháil uisce báistí.

Gníomhartha Beartaithe don bhliain 2015

In 2015 tá sé ar intinn ag Bus Átha Cliath breis feabhais a chur ar a fheidhmíocht fuinnimh tríd na tionscnaimh seo a leanas a chur i gcrích:

- 90 feithicil nua a cheannach a mbeidh innill chaighdeánacha astaíochtaí Euro 6 iontu d'fhonn teacht in ionad seanfheithicilí nach bhfuil chomh breosla-éifeachtúil céanna.
- Trialacha éici-thiomána an fhflít agus úsáid á baint as teicneolaíocht ar bord.
- Caidéil uisce a mbeidh mótaí éilimh ghníomhachtaithe brú iontu a shuiteáil.
- Triail a bhaint as soilsiú LED in oifigí agus i gceardlanna.
- Córas uathobrithe bainistíochta breosla a shuiteáil i ngach stáisiún.
- Leanúint le béim a leagan ar dheiseanna eile fós chun fuinneamh a choigilt trí fhoirne áitiúla bainistíochta fuinnimh.

Bus Éireann

Gníomhartha Déanta in 2014

In 2014 thug Bus Éireann faoi roinnt tionscnamh a raibh sé mar aidhm leo a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Feachtais feasachta fuinnimh le béim ar leith ar réchasadh innill.
- 150 feithicil a thiontú chun úsáid a bhaint as breosla frithdhoirte.
- Staidéar féidearthachta ar bhusanna cathrach faoi chumhacht gás nádúrtha comhbhrúite.
- Cláir chun cailteanas teasa garáiste a laghdú.


Gníomhartha Beartaithe don bhliain 2015

In 2015 tá sé ar intinn ag Bus Éireann breis feabhais a chur ar a fheidhmíocht fuinnimh tríd na tionscnaimh seo a leanas a chur i gcrích:

- Tús a chur le 77 feithicil nua feistithe le córais uathobríochta réchasta scoite innill agus teileamaitic ídithe breosla a úsáid.
- Busanna aon stóir le toilleadh innill 7 lítear a athsholáthar le 25 bus dhá stóir le toilleadh innill 5 lítear.
- An córas breosla frithdhoirte briseadh tirim feithicil a chur i bhfeidhm i stáisiúin mhóra eile.
- Leanúint leis na cláir uasghrádaithe éifeachtúlachta soilsithe tríd an teicneolaíocht as dáta a athsholáthar le córais soilsithe nua-aimseartha, ísealfhuinnimh.
- Tuilleadh clár feasachta fuinnimh a chur i bhfeidhm i gcomhar le moltaí agus dea-chleachtais a fhorbairt don tionscal.

De réir a chéile tá úsáid níos éifeachtaí á baint ag an ngrúpa as fuinneamh





Iarnród Éireann

Gníomhartha Déanta in 2014

Lean Iarnród Éireann dá chuid oibre ar roinnt leibhéal in 2014:

- Cuireadh tús le clár tástála ar tháirge breiseán breosla a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le hídiú breosla in innill fhrithingeacha díosail a laghdú.
- Smaoineamh ar innill traenach 2-bhuille níos sine a athsholáthar le hinnill nua-aimseartha níos éifeachtaí a mhúchann go huathoibríoch.
- An clár mionathraithe bogearraí don rialaitheoir tarraingthe a chur i bhfeidhm ar fhlít an DART.
- Athrú ó bhonn a dhéanamh ar mhéideanna traenacha chun éileamh a ailíniú ar bhealach níos éifeachtaí le hacmhainn.

Gníomhartha Beartaithe don bhliain 2015

In 2015 tá sé ar intinn Iarnród Éireann breis feabhais a chur ar a fheidhmíocht fuinnimh tríd na tionscnaimh seo a leanas a chur i gcrích:

- Feisteofar trealamh chun ídiú breosla a thomhas.
- Beifear in ann an soilsiú carrchlóis a rialú.
- Cuirfear tús le clár chun fáil réidh le téitheoirí uisce agus spáis ionsuite agus iad a athsholáthar.

Fostaíocht

Ba é meán líon na ndaoine fostaithe ag Grúpa CIÉ in 2014 ná 9,648 laghdú de 43 ar an mbliain 2013.

Tá an líon foirne laghdaithe 18.5% ó 2008 trí mheascán de dheachmaíocht nádúrtha agus pacáistí téarfa deonacha. Tá costas an chláir téarfa dheonaigh á chistiú ó acmhainní an Ghrúpa, agus ba é an clár sin an ghné ba mhó a chuir leis an laghdú ar chostais oibríocháin sa tréimhse sin.

Rannpháirtíocht Foirne

Is í príomh-shócmhainn de chuid Grúpa CIÉ ná a chuid foirne. Is é beartas Ghrúpa CIÉ ár bhfoireann a chumasú trí eolas a roinnt, cultúr rannpháirtíochta a chur chun cinn agus obair foirne a spreagadh. Spreagtar fostaithe uile le páirt a ghlacadh i réachtáil Ghrúpa CIÉ trí pháirtíocht ghníomhach i bhfoirne tionscadail, meithleacha oibre agus tionscnaimh atá dírithe ar chustaiméirí. Tá ceathrar Comhalta Oibrí ar Bhord CIÉ.

Comhionannas Deiseanna

Leanann an Grúpa le comhionannas a chur chun cinn san ionad oibre, do gach grúpa atá clúdaithe ag reachtaíocht chomhionannais, trína oifigigh comhionannais. Déantar athbhreithniú rialta ar an raon tionscnamh Cothromaíocht Oibre is Saoil atá ar fáil d'fhoireann an Ghrúpa. Bíonn an Grúpa rannpháirteach le héagsúlacht eagraíochtaí seachtracha i bhforbairt a chuid cleachtas agus gnáthaimh m.sh. trí bheith mar bhall den Ghrúpa Oibre um Éagsúlacht sa Láthair Oibre in IBEC.

Tá CIÉ tiomanta do thacú le cuspóirí "WISE" agus do mholtaí "WISE" a leanúint. Tionscadal comhpháirtíochta sóisialta atá urraithe ag an AE is ea WISE, a bhfuil sé mar aidhm leis stádas agus rannpháirtíocht na mban in earnáil an iompair phoiblí uirbhig a neartú. Ghlac CIÉ páirt fhoirmiúil sa staidéar WISE, staidéar ar tuairiscíodh na moltaí a d'eascair as in 2014. Mar chuid den tiomantas seo, cheiliúir CIÉ Lá Idirnáisiúnta na mBan trí imeacht mór a réachtáil ar ghlac mná as ar fud an Ghrúpa páirt ann. Ag an imeacht seo, thug an Fhoireann Bainistíochta Sinsearach sna cuideachtaí ar fad tiomantas go nglacadh siad páirt i sraith tionscnamh a raibh sé mar aidhm leo tacú le comhionannas inscne sa Ghrúpa.



Inrochtaineacht

Tá caidreamh gníomhach ann le heagraíochtaí dóibh siúd le fadhbanna maolghluaiste chun tosaíochtaí a bhunú chun feithiclí, oifigí agus stáisiúin a sholáthar.

Oibríonn Bus Átha Cliath flít anois a bhfuil rochtain ísealurláir iontu uilig, rud a chiallaíonn go bhfuilimid ar cheann den aon phéire chuideachta bus amháin ar fud na hEorpa a chuireann an tsaoráid seo ar fáil.

Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn CIÉ an fhreagracht atá air chun comhlíonadh fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2002 a áirithiú i ngach gné ábhartha. Ba é an beartas íocaíochta ar fud an Ghrúpa in 2014 cloí le ceanglais an rialacháin sin.

Polasaí an tSoláthair

Tá Polasaí an tSoláthair de chuid Grúpa CIÉ i bhfeidhm chun cinntiú a dhéanamh ar chomhlíonadh Treoracha Fóntais agus Soláthair Poiblí an AE, mar aon le polasaithe an Rialtais agus an Bhoird. Go suntasach cuireadh na soláthairtí uile os cionn an tairsí cáilíochta chun tairisceana oscailte agus cuireadh isteach in Iriseán an AE iad nuair a bhí amhail oiriúnach.

Rioscaí Príomha

Déileálann Grúpa CIÉ leis na rioscaí príomha do ghnóthaí i roinnt slite éagsúla lena n-áirítear Sláinte agus Sábháilteacht.

Coinníonn gach ceann de na cuideachtaí clár riosca agus déantar é a uasghrádú go féilteúil leis na rioscaí agus pleananna gníomhaíochta éagsúla chun dul i ngleic leo seo. Tá tús curtha ag Bord CIÉ le hathbhreithniú ar an gClár Riosca san Fhiontar trí chéile. Tionóladh coiste stiúrtha grúpa riosca faoi chathaoirleacht neamhspleách ar a raibh grúpa de bhainisteoirí riosca/sábháilteachta cuideachta oibriúcháin agus Príomhoifigigh Airgeadais le tabhairt faoin athbhreithniú, ag cloí lena bhfuil luaite i dtreoidhoiciméad 31000:2009 ISO.

Ag eascairt as an athbhreithniú, glacadh le próiseas bainistíochta riosca athbhreithnithe ar bhonn píolótach laistigh den Ghrúpa. Is ionann an próiseas seo agus cur chuige comhtháite ina n-áirítear na nithe seo a leanas;

- (i) cur síos ar chuspóirí straitéiseacha an Ghrúpa,
- (ii) cuspóirí corparáideacha a ailíniú le riachtanais straitéiseacha,
- (iii) lamháltais riosca a chinneadh bunaithe ar na cuspóirí seo,
- (iv) pleananna gníomhaíochta um maolú riosca a aithint agus a chur i dtoll a chéile, agus
- (v) ardán a sholáthar a thacaíonn le hathbhreithniú leanúnach ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí curtha i gcrích.

Tá measúnú á dhéanamh ar thoradh an chláir píolótaigh i láthair na huaire.

Tá CIÉ, thar ceann Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann, páirteach i gconarthaí babhtáil tráchtarraí do bhreosla. Tugann CIÉ faoi cheannachán tosaigh airgeadra sa chás go mheasann sé go bhfuil luach agus riosca laghdaithe don Ghrúpa.

Comhaltaí an Bhoird agus Bainistíocht an Ghrúpa

Comhaltaí an Bhoird

Tá ainmneacha na ndaoine, a bhí ina gcomhaltaí Boird ag aon am i rith na bliana dar críoch 31ú Nollaig, 2014 luaithe anseo thíos. Ba Chomhaltaí Boird iad ar feadh na bliana iomláine seachas aon áit ina bhfuil a mhalairt léirithe.

Vivienne Jupp *Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin (Athcheaptha 9 Iúil 2014)*

Kevin Bonner *(Ar scor 28 Meitheamh 2014)*

Ultan Courtney *(Ceaptha 23 Meán Fómhair 2014)*

P.J. Drudy

Phil Gaffney *(Athcheaptha 9 Iúil 2014)*

Helen Keelan *(Ar scor 10 Deireadh Fómhair 2014)*

Paul Mallee *(Ar scor 28 Meitheamh 2014)*

Bill McCamley*

Aebhric McGibney *(Athcheaptha 4 Samhain 2014)*

Frances Meenan

John Moloney*

Aidan Murphy *(Ceaptha 9 Iúil 2014)*

Tom O'Connor*

Tommy Wynne*

* *Ionadaí na nOibrithe
Folúntas Amháin*

Rúnaí an Bhoird

Geraldine Finucane

Stáisiún Heuston

Baile Átha Cliath 8

Teileafón + 353 1 703 2008

Facs + 353 1 703 2276

Coistí an Bhoird

Coiste Iniúchta agus Riosca

Helen Keelan *Cathaoirleach*

(*Ar scor 10 Deireadh Fómhair 2014*)

P.J. Drudy

Phil Gaffney

2 fholúntas

Coiste Airgeadais

Aebhric McGibney *Cathaoirleach*

(*Athcheaptha 4 Samhain 2014*)

Kevin Bonner (*Ar scor 28 Meitheamh 2014*)

Ultan Courtney (*Ceaptha 2 Deireadh Fómhair 2014*)

Paul Mallee (*Ar scor 28 Meitheamh 2014*)

Frances Meenan

Aidan Murphy (*Ceaptha 16 Iúil 2014*)

Coiste Luach Saothair

Phil Gaffney *Cathaoirleach*

Vivienne Jupp

Frances Meenan

Coiste Sábháilteachta

Phil Gaffney *Cathaoirleach*

Frances Meenan

Tom O'Connor (*Ceaptha 1 Bealtaine 2014*)

Folúntas amháin

Coiste Straitéise

Helen Keelan *Cathaoirleach*

(*Ar scor 10 Deireadh Fómhair 2014*)

P.J. Drudy (*Ar scor 10 Nollaig 2014*)

Ultan Courtney (*Ceaptha 10 Nollaig 2014*)

Phil Gaffney (*Ceaptha 10 Nollaig 2014*)

Vivienne Jupp

Aidan Walsh (*Ceaptha 10 Nollaig 2014*)

Bainistíocht an Ghrúpa

Paddy Doherty *Príomhfheidhmeannach, Bus Átha Cliath*

Mike Flannery *Príomhoifigeach Oibriúcháin*

agus *Príomhoifigeach Airgeadais, CIÉ*

David Franks *Príomhfheidhmeannach, Iarnród Éireann*

Martin Nolan *Príomhfheidhmeannach, Bus Éireann*

Brian Stack *Stiúrthóir Bainistíochta, CIÉ Tours International*

Iniúcháirí

PricewaterhouseCoopers

Uimhir a hAon Duga Spencer

Cé an Phoirt Thuaidh

Baile Átha Cliath 1

Aturnae

Colm Costello

Teach Bridgewater

Droichead na hInse

Baile Átha Cliath 8

Príomhbhaincээрí

Banc na hÉireann

Faiche an Choláiste

Baile Átha Cliath 2

Banc Barclay

Sráid Haiste

Baile Átha Cliath 2

Banc Aontas Éireann

Droichead na Dothra

Baile Átha Cliath 4

Banc Uladh

Cé Sheoirse

Baile Átha Cliath 2

Maidir le Bord Chóras Iompair Éireann



Vivienne Jupp *Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin*

Ceapadh Vivienne Jupp mar Chathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin ar CIÉ i Meitheamh 2011 agus athcheapadh í mí Iúil 2014. Sainchomhairleoir bainistíochta is ea í agus bhíodh sí ina Stiúrthóir Bainistíochta Domhanda ag Accenture. Is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin í agus bhí roinnt ceapachán Rialtais aici lena n-áirítear Cathaoirleach Choimisiún na Sochaí Faisnéise agus ba Chomhalta de Choimisiún Craolacháin na hÉireann í. Chomh maith leis sin, comhalta den Chomhlacht Athbheithnithe ar Ard-Luach Saothair san Eanáil Phoiblí ba ea í. Bhain sí céimeanna BComm agus MBS amach in Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath (UCD). In 2000, bronnadh Gradam an Alumna den Scoth uirthi ó Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit, UCD.



Kevin Bonner (*ar scor 28 Meitheamh 2014*)

Ceapadh Kevin Bonner ar Bhord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Bhus Átha Cliath i mí an Mheithimh 2011. Bhíodh Kevin ina Ard-Rúnaí na Roinne Fiontar agus Fostaíochta agus tá sé ina chathaoirleach nó ina stiúrthóir ar roinnt comhlachtaí nó cuideachtaí san eanáil phoiblí agus phríobháideach anois m.sh. Foras na Mara, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus Waterford Stanley. Is céimí de chuid Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath (BA) agus de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (MScEcon) é. Chuaigh Kevin ar scor ón mBord ar an 28 Meitheamh 2014.



Ultan Courtney

Ceapadh Ultan Courtney ar Bhord CIÉ agus mar Chathaoirleach ar Bus Átha Cliath i Meán Fómhair 2014. Tá neart taithí aige ar a bheith ag obair sa réimse Acmhainní Daonna agus Caidreamh Tionsclaíoch. Tá sé ag obair mar Stiúrthóir Bainistíochta ar a ghnó comhairleachta féin agus roimhe sin bhí sé ag obair le C&C Group Plc, Superquinn, Waterford Foods agus IBEC. Bhronn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath Céim Mháistir san Eacnamaíocht ar Ultan agus tá roinnt cáilíochtaí aige sna réimsí seo a leanas – dlí fostaíochta, idirghabháil, eadráin agus rialachas dlí.



An tOllamh P.J. Drudy

Ollamh Emeritus san Eacnamaíocht, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Iar-Dhéan Sinsearach agus Iar-Sparánaí an Choláiste é an tOllamh Drudy. Bhíodh sé ag fónamh ar a lán coistí agus comhlachtaí a bhain le cúrsaí oideachais, airgeadais, pleanála agus forbartha. Ina measc siúd tá an Cumann Staidéir Réigiúnaigh (Cisteoir), Craobh na hÉireann den Chumann Staidéir Réigiúnaigh (Cathaoirleach), an Coiste Bainistíochta um Staidéar Réigiúnach, Irisleabhar an Chumainn Staidéir Réigiúnaigh (Cathaoirleach), Comhlachas Eacnamaíochta na hEorpa, Údarás Forbartha Dughailte Bhaile Átha Cliath, Bord Choláiste na Tríonóide agus a lán Coistí eile. Ina theannta sin, bhí sé ina chomhairleoir agus ina chomhairleach do chomhlachtaí éagsúla poiblí agus deonacha. Áirítear leo sin an Coimisiún Eorpach, Roinn Comhshaoil na Breataine, Bord Iascaigh Mhara, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath Theas agus Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath. Is iomaí leabhar agus páipéar atá curtha i gcló ag an Ollamh Drudy faoi gheilleagar na hÉireann, faoi fhorbairt uirbeach agus réigiúnach agus faoi thithíocht. Ceapadh an tOllamh Drudy ar Bhord CIÉ i mí Iúil 2012.



Phil Gaffney

Ceapadh Phil Gaffney ar Bhord CIÉ agus mar Chathaoirleach ar Iarnród Éireann i Meitheamh 2011 agus athcheapadh é i rith 2014. Tá Phil ag feidhmiú mar Stiúrthóir in Iarnród Éireann ó 2006. Innealtóir comharthaíochta iarnróid is ea é. Sula ndeachaigh sé ar scor i mí na Nollag 2005, chaith sé ocht mbliana is fiche leis an MTR i Hong Cong. I rith an ama sin, bhí sé ina Phríomhinnealtóir, ina Stiúrthóir Oibríochtaí agus ina Stiúrthóir Bainistíochta. Tá sé ar Bhord Crossrail i Londain agus ar Choiste Sláinte agus Sábháilteachta Crossrail freisin.



Vincent Green (*Ar scor 30 Samhain 2014*)

Ceapadh Vincent Green ar an mBord i gcéadúair i mí Eanáir 2013 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Thosaigh Vincent i mbun oibre le hIarnród Éireann sa bhliain 2000 agus oibríonn sé ó Stáisiún Heuston mar sheiceálaí ticéad. Tá sé ina bhall de SIPTU agus rinne sé ionadaíocht ar son oibríthe iarnróid ar an leibhéal áitiúil agus an leibhéal brainse leis na blianta. Chuaigh Vincent ar scor ón mBord ar an 30 Samhain 2014.



Helen Keelan *(ar scor ar an 10 Deireadh Fómhair 2014)*

Tá taithí shinsearach 25 bliain ar airgeadas agus ar cheannaireacht straitéiseach ag Helen Keelan, taithí a gnótháíodh in KPMG, Ericsson agus Intel. Tá sí ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Barclays Bank Ireland PLC, New York Life Investments International Limited, Oasis Global Investment Fund (Éire) PLC agus PM Group Limited. Soláthraíonn Helen comhairleacht faoi fhorbairt straitéise, faoin gceannaireacht agus faoin rialachas. Is meastóir í do Bhord Measúnaithe Feidhmíochta Institiúid na Stiúrthóirí. Bhain sí amach Céim Mháistreachta sa Bhainistíocht ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus céim sa Tráchtáil ó Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath. Is Comhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn í agus is Stiúrthóir Cairte í. Chuaigh Helen Keelan ar scor ón mBord ar an 10 Deireadh Fómhair 2014.

**Paul Mallee** *(ar scor 28 Meitheamh 2014)*

Ceapadh Paul Mallee ina Chathaoirleach ar Bhus Éireann agus ina Chomhalta Boird de chuid Chóras Iompair Éireann ar an 29 Meitheamh, 2011. Tá sé ina shainchomhairleoir bainistíochta san earnáil iompair, agus oibríonn sé go hidirnáisiúnta.

Bhí poist shinsearacha aige le Etihad Airways agus le Booz & Company, ar comhairleacht straitéise domhanda í. Is Comhalta é Paul den Chartered Institute of Logistics and Transport (CILT) Ireland, agus Iar-Uachtarán air. Is céimí de Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Scoil Ghnó Michael Smurfít do Chéimithe COBÁC é. Tá Céim Mháistreachta ag Paul sa Bhainistíocht agus Phleanáil Straitéiseach, Céim Baitsiléara Tráchtála agus Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil i mBainistíocht Oibríochtaí Iompair ar Bhóithre.

Chuaigh Paul ar scor ón mBord ar an 28 Meitheamh 2014.

**Frances Meenan**

Abhcóide is ea Frances Meenan a bhíonn i mbun cleachtais i réimse na fostaíochta, an dlí tráchtála agus an dlí rialála. Tá sí ina hidirghabhálaí creidiúnaithe de chuid CEDR agus ghníomhaigh sí in idirghabháil tráchtála agus fostaíochta. Tá sí ina ball d'Institiúid na nEadránaithe agus gníomhaíonn sí mar eadránaí i ndíospóidí fostaíochta. Tá comhairle curtha aici ar an gCoimisiún Eorpach i ndáil le dlí an idirdhealaithe agus foilsíodh go leor leabhar agus páipéar léi faoin dlí fostaíochta. Ceapadh ar Bhord CIÉ i mí Iúil 2012 i agus cuireadh oideachas uirthi in Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath (B.Comm., M.B.S. agus Dip. Arb.), ag Cumann Dlí na hÉireann (tar éis cleachtadh roimhe sin mar aturanae) agus ag Óstáin an Rí.

**Bill McCamley**

Ceapadh Bill McCamley ar Bhord CIÉ i gcéadúair i mí na Nollag 1997 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977. Thosaigh Bill i mbun oibre le Bus Átha Cliath in 1974 agus oibríonn sé i nGaráiste Bhaile Phib mar thiománaí bus. Bhí roinnt post éagsúil ina cheardchumann, SIPTU, aige lena n-áirítear ballraíocht de na coistí Réigiúnacha, Rannacha agus Craoibhe. Is comhalta de Choiste na hEarnála Iompair agus de Choiste Dhúiche Bhaile Átha Cliath é faoi láthair. Bhí sé ina ionadaí a sheas ar son a cheardchumainn ag roinnt comhdhálacha iompair Eorpacha agus bhí sé ina bhall de Mheitheal na Roinne Dlí agus Cirt maidir le Foréigean Bus (1996). Tá a lán scríofa ag Bill faoi shaincheisteanna iompair agus ceardchumainn, lena n-áirítear leabhar faoi stair oibreoirí tram Bhaile Átha Cliath.

**Aebhric McGibney**

Ceapadh Aebhric McGibney ar Bhord CIÉ i nDeireadh Fómhair 2011 agus athcheapadh é i nDeireadh Fómhair 2014. Tá sé ina Stiúrthóir Beartais agus Cumarsáide i gComhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil freagracht air as cúrsaí Rialtais agus cúrsaí idirnáisiúnta, caidreamh poiblí agus cumarsáid na mball. Bhí sé ina léachtóir, ina chomhairleach eacnamaíochta agus ina Eacnamaí Sínsir le IBEC roimhe seo. Tá M.Litt. (An Eacnamaíocht) aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus bhronn Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, Gradam Liosta an Déin air as a MBA in 2001.

**John Moloney**

Ceapadh John Moloney ar Bhord CIÉ i mí na Nollag 2005 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Ba sa bhliain 1978 a thosaigh John ag obair do Bus Éireann agus is ag obair mar thiománaí bus i nGaráiste Thobar an Chaipín i gCorcaigh atá sé faoi láthair. Is comhalta de NBRU é.

Coistí an Bhoird (*ar lean*)



Aidan Murphy

Ceapadh Aidan ar Bhord CIÉ i mí Iúil 2014. Tá taití chuimsitheach aige mar ghairmeach sa Slabhra Soláthair, agus poist aige mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Pulse Logistics, Stiúrthóir Bainistíochta Soláthair C&C Group, Bainisteoir Ginearálta Wincanton Ireland agus Stiúrthóir Lóistíochta ag Allegro Ltd. Is eochair-chainteoir é Aidan do roinnt imeachtaí Eorpach um an Slabhra Soláthair, lena n-áirítear Logicon agus Cruinniú Mullaigh Slabhra Soláthair na hEorpa, agus is comhalta agus iar-Uachtaran é d'Institiúid Chairt Lóistíochta agus Iompair Éireann é.



Tom O'Connor

Ceapadh Thomas ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2013 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001.

Oibríonn Thomas mar thiománaí bus atá bunaithe i nGaráiste na Rinne. Tá sé ina bhall de Cheardchumann Náisiúnta na nOibrithe Bus agus Iarnróid [National Bus and Rail Union], tá sé ina bhall den Fheidhmeannas Náisiúnta agus d'oibrigh sé mar Rúnaí Brainse Bhaile Átha Cliath ó 2010 i leith. D'oibrigh sé roimhe seo sa tionscal leictreachais agus comharthaíochta.



Tommy Wynne

Ceapadh Tommy Wynne ar Bhord CIÉ i gcéaduaire ar an 1 Nollaig, 2013 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Thosaigh Tommy le hIarnród Éireann mar fhear iosta in 1991 agus thosaigh sé ag obair mar thiománaí traenach in 1994. Faoi láthair tá sé ina Chathaoirleach ar an Rannóg um an Earnáil Iompair agus um Fhóntais agus Thógáil de chuid SIPTU.

Ráiteas Rialachais Chorparáidigh

Leagann an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit amach prionsabail an rialachais chorparáidigh a bhfuil sé de dhualgas ar Chomhlachtaí Stáit a ghlacadh. Tacaíonn Córas Iompair Éireann le prionsabail agus forálacha an Chóid Chleachtais.

An Bord

11 comhalta ceaptha ag an Rialtas atá ar an mBord (chomh maith leis sin tá folúntas amháin ann). I measc na gcomhaltaí tá ceathrar ar Ionadaithe do na hOibrithe iad a cheap an Rialtas ar feadh tréimhse ceithre bliana i ndiaidh toghchán a réachtáladh le foireann an Ghrúpa.

Buaileann an Bord le chéile go míosúil agus ar ócáidí eile faoi mar is cuí. Tá sceideal foirmiúil d'ábhair ag an mBord atá coimeáda go speisialta dá athbhreithniú, lena n-áirítear faomhadh na ráitis airgeadais bhliantúla, buiséid, an plean corparáideach, gnóthú agus diúscairtí suntasacha, infheistíochtaí, caiteachas caipitiúil suntasach, coinní bainistíochta sinsearach agus mórbheartais Ghrúpa. Tá próiseas cuimsitheach ag an nGrúpa chun faisnéis bhainistíochta a thuairisciú don Bhord, ar bhonn míosúil.

Tá rochtain ag gach Comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí an Ghrúpa.

Coistí an Bhoird

Cuirtear coistí ar bun chun cuidiú leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Cuimsíonn na coistí Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (féach thíos), Coiste Airgeadais (féach thíos), Coiste Sábháilteachta, Coiste Luach Saothair agus Coiste Straitéise. Tá liosta de na comhaltaí ar leathanach 33.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR)

Tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag an CIR agus tá suas le ceathrar Comhalta Boird neamhfheidhmiúcháin air. Tháinig an Coiste le chéile 6 huaire in 2014.

Áirítear le príomhdhualgais an CIR maoirseacht a dhéanamh ar chaidreamh an Ghrúpa leis an iniúchóir seachtrach, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar cheapadh agus ar

fheidhmíocht an iniúcháora sheachtraigh, táillí iniúcháireachta, agus aon cheist a bhaineann le neamhspleáchas, le héirí as nó le difhostú.

Déanann an CIR plé leis an iniúchóir seachtrach faoi chineál agus raon an iniúchta agus faoi na torthaí. Ina theannta sin, déanann an Coiste monatóireacht ar shláine na ráiteas airgeadais arna n-ullmhú ag an nGrúpa.

Anuas air sin, leanann an CIR air i mbun athbhreithniú ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus chórais bhainistíochta riosca an Ghrúpa trí bhualadh go tréimhsiúil le lucht ardbhainistíochta an Ghrúpa agus le Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí ar leibhéal an Ghrúpa. Chomh maith leis sin, formheasann an CIR clár oibre na hiniúcháireachta inmheánaí don Ghrúpa agus déanann sé machnamh ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha éagsúla a dtugtar fúthu agus ar na himpleachtaí a bhaineann leo.

Ceapadh na hiniúcháirí seachtracha, PricewaterhouseCoopers, le linn na bliana dar chríoch an 31 Nollaig, 2013 ar feadh tréimhse trí bliana, tar éis próiseas tairisceana iomaíche. Dá bhrí sin, mhol an CIR don Bhord gur cheart iad a athcheapadh go foirmiúil don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014.

Níorbh ann do cheangaltais chonarthaacha ar bith lenar cuireadh srian ar an CIR maidir leis an moladh sin a dhéanamh. Le cois na seirbhísí iniúcháireachta a sholáthraíonn PricewaterhouseCoopers, in 2014 sholáthair an gnólacht seirbhísí gairmiúla neamh-iniúcháireachta arbh fhiú €199k iad don Ghrúpa. Tar éis breithniú a dhéanamh ar na caidrimh go léir idir an Grúpa agus an gnólacht iniúcháireachta seachtraí, ní mheasann an CIR go dtéann cineál ná fairsinge na hoibre breise a dtugtar fúithi i bhfeidhm ar bhreithiúnas ná ar neamhspleáchas an iniúcháora.

Tá rochtain iomlán, neamhshrianta ag na hiniúcháirí seachtracha agus ag Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí ar leibhéal an Ghrúpa ar an CIR. Freastalaíonn na hiniúcháirí seachtracha ar chruinnithe den CIR agus buaileann siad leis an gCoiste gach bliain gan an lucht bainistíochta i láthair chun a chinntiú nach bhfuil aon ábhar imní ann nár réitíodh.

Coiste Airgeadais

Tá ceathrar Comhalta Boird ar an gCoiste Airgeadais agus tá téarmaí tagartha i scríbhinn aige.

Ráiteas Rialachais Chorparáidigh (*ar lean*)

Áirítear sa phróiseas ina bhfeidhmíonn an coiste, bualadh leis na Príomhoifigigh Airgeadais agus le bainistíocht shinsearach ó na fochuideachtaí gach mí chun athbhreithniú a dhéanamh ar mhaoiniú chlár chaipitil an Ghrúpa, an t-ord tosaíochta a thugtar do bhearta caiteachais caipitil na bhfochuideachtaí, buiséid chaipitil agus oibriúcháin bhliantúla agus beartais chistíochta, soláthair agus diúscartha an Ghrúpa.

Ina theannta sin, déanann an Coiste athbhreithniú ar straitéisí árachais agus airgeadais an Ghrúpa. Tá sé freagrach chomh maith as cinntiú go gceadaíonn córais faisnéise bhainistíochta an Ghrúpa do chur i bhfeidhm straitéisí airgeadais an Bhoird. Chomh maith leis sin, tá an Coiste freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar phunann réadmhaoine an Ghrúpa ag féachaint do riachtanais oibríochta reatha agus thodhchaíochta.

Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Tá freagracht iomlán ag an mBord do chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais an Ghrúpa. Níl na córais seo in ann ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú iomlán a thabhairt i gcoinne míráiteas nó cailteanas ábhair.

Áirítear i measc chórais rialaithe fhoriomlána an Ghrúpa:

- Struchtúr eagraíochtúil sainmhínithe go soiléir le srianta údarais i scríbhinn, deighilt oiriúnach dualgas agus meicníochtaí tuairiscithe d'ardleibhéil bhainistíochta, do Bhoird na bhfochuideachtaí, coistí boird agus don Bhord. Coimeádtar beartais mhionsonraithe ar príomhréimsí atá i mbaol airgeadais lena n-áirítear riosca cistíochta.
- Córas cuimsitheach buiséadaithe agus pleanála a thugann deis feidhmíocht iarbhir a chur i gcomparáid le buiséad réamhcheadaithe ag deireadh gach tréimhse airgeadais, agus déantar iniúchadh ar threochtaí nó ar dhifríochtaí suntasacha. Scaiptear na tuarascálacha ar an mBord ar bhonn míosúil le haghaidh athbhreithnithe.
- Treoirilínte soiléire a bhunú d'fhormheas agus do rialú caiteachas caipitil. Áirítear leo sin ullmhú na mbuiséad bliantúil caipitiúil a fhorghasann an Bord i gcomhairle leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus staidéir mhionsonraithe indéantachta agus measúnaithe ar thionscadail chaipitiúla ar suntasach iad ar bhonn aonair sula bhformheasann an leibhéal oiriúnach údarais iad (lena n-áirítear an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i gcás tionscadail mhóra). Maidir le mórthionscadail chaipitiúla, ullmhaítear tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn don lucht bainistíochta agus do Bhord na fochuideachta ábhartha. Tá sé riachtanach

páipéar foirmiúil socraíochta a chur i gcrích i gcomhair na dtionscadal suntasach caipitiúil uile.

- Laistigh de Iarnród Éireann, déanann an Grúpa Comhairleach Bonneagair, grúpa a bhfuil Stiúrthóirí agus comhaltaí den fhoireann shinsearach páirteach ann, athbhreithniú ar bhonn míosúil ar thograí tionscadail, próisis tairisceana agus mheasúnaithe ar glacadh leo agus ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag mórthionscadail chaipitil i gcomparáid le hamchlár agus le buiséid.

Déanann Iniúcháireacht Inmheánach an Ghrúpa, a gclúdaíonn a ról an grúpa ar fad, athbhreithniú córasach ar rialuithe inmheánacha. Sna hathbhreithnithe sin, leagann Iniúcháireacht Inmheánach an Ghrúpa béim ar réimsí atá níos mó i mbaol faoi mar a shainithnítear iad ina creatlach anailíse riosca. Sainítear ról agus freagrachtaí rannóg Iniúcháireachta Inmheánaí an Ghrúpa i gcairt arna formheas ag an mBord. Tuairiscíonn Ceann na hIniúcháireachta Inmheánaí ar leibhéal an Ghrúpa go foirmiúil don CIR.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord, tríd an CIR, ar éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach airgeadais trí na bearta seo a leanas:

- Athbhreithniú ar an gclár iniúchta inmheánaí (ullmhaithe i ndiaidh a bpróisis iniúchta measúnachta riosca) agus na mórtháil a mheas.
- Mórtháil iniúchtaí inmheánacha a mheas.
- Athbhreithniú ar thuarascáil an iniúchóra sheachtraigh, ina n-áirítear sonraí maidir le haon saincheisteanna rialaithe ábhartha aitheanta mar thoradh ar an iniúchadh a rinneadh ar na ráitis airgeadais.

Tá próiseas um Bhainistíocht Riosca uile-Fhiontraíochta (EWRM) i bhfeidhm chun díriú ar impleachtaí na mórrioscaí gnó lena n-áirítear rioscaí airgeadais, oibriúcháin, straitéiseacha, guaise agus comhlíontachta. Sholáthródh an próiseas seo an deimhniú go n-aithneofar rioscaí ábhair agus go rachfar i mbun na ngníomhaíochtaí feiliúnaí. Tá clár rioscaí doiciméadaithe i bhfeidhm.

Luach Saothair na gComhaltaí Boird

Cinneann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt luach saothair na gComhaltaí Boird maidir lena gcuid dualgas mar chomhaltaí Boird. Ní fhaigheann siad pinsin as a ndualgas mar Chomhaltaí Boird.

Íoctar luach saothair chomh maith le Comhaltaí Boird a ceapadh faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 de réir a gconarthaí fostaíochta.

Tinreamh ag Cruinnithe Boird/Coiste

Seo thíos liosta de thinreamh na gComhaltaí Boird ag cruinnithe Boird/Coiste a tionóladh in 2014.

Comhalta Boird	Bord CIÉ	Coiste Airgeadais	Coiste Iniúchta agus Riosca	Coiste Luach Saothair	Coiste Sábháilteachta	Coiste Straitéise
V. Jupp	10/10			5/5		8/8
K. Bonner	5/5	4/6				1/1
Ultan Courtney	3/3	2/2				1/1
P.J. Drudy	10/10		5/6			6/7
P. Gaffney	10/10		6/6	5/5	3/4	3/3
H. Keelan*	7/8		5/5			6/7
P. Mallee*	4/5	5/6				1/1
F. Meenan	10/10	10/10		5/5	4/4	
B. McCamley	9/10					
A. McGibney*	9/10	8/9				
J. Moloney	8/10					
A. Murphy	5/5	4/4				2/2
T. O'Connor	9/10				2/3	
T. Wynne	9/10					

* Bhí an tUasal Mallee i láthair ag cruinniú Boird amháin CIÉ agus ghlac sé páirt i gceithre chruinniú de Choiste Airgeadais an Bhoird ar an teileafón, bhí an tUasal Keelan i láthair ag dhá chruinniú Boird CIÉ agus ghlac sí páirt i gcrúinniú amháin de Choiste Straitéise an Bhoird ar an teileafón. Níor áiríodh iad sa chóram chun críocha an chruinnithe.

** Rinneadh an tUasal Bonner, an tUasal Gaffney, agus an tUasal Mallee a chomhthoghadh go sealadach ar Choiste Straitéise an Bhoird don chruinniú a reáchtáladh ar an 3 Feabhra 2014. Comhthoghadh an tUasal Gaffney agus an tUasal Murphy go sealadach ar Choiste Straitéise an Bhoird dá chruinniú ar an 4 Meán Fómhair.

Gnóthas Leantach

Tá na Comhaltaí Boird sásta go mbeidh dóthain acmhainní ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, leanann siad orthu ag glacadh le bunús ‘an ghnóthais leantaigh’ i leith ullmhú na gcuntas. Díreáir d’aird ar Nóta 1 maidir leis sin.

Thar ceann an Bhoird

Vivienne Jupp *Cathaoirleach*

An tOll. PJ Drudy *Comhalta Boird*

1 Aibreán 2015

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird

Is é an tAcht Iompair, 1950, agus leasuithe arna ndéanamh ina dhiaidh sin air a chinneann freagrachtaí Chomhaltaí Bhord Chóras Iompair Éireann. Ceanglaítear leis an reachtaíocht sin ar Chomhaltaí an Bhoird a áirithiú go n ullmhaítear ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais lena dtugtar, de réir dlí na hÉireann agus na gcaighdeán cuntasáochta is infheidhme, léiriú fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Ghrúpa agus ar bharrachas nó ar easnamh an Ghrúpa don tréimhse sin. Faoin dlí sin, thogh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir na gCleachtas Cuntasáochta a bhfuil Glacadh leo in Éirinn (caighdeán chuntasáochta eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus fógartha ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus dlí na hÉireann).

Agus na ráitis airgeadais sin á n ullmhú, ceanglaítear ar Chomhaltaí an Bhoird na nithe seo a leanas a áirithiú:

- Roghnaíodh beartais chuntasáochta oiriúnacha agus cuireadh na beartais sin i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Tá aon bhreithiúnais nó aon mheastacháin a dhéantar réasúnach agus stuama; agus
- Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin mura bhfuil sé oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Grúpa i mbun gnó.

Tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as a áirithiú go gcoinnítear taifid chuntasáochta chuí lena gcuirtear stádas airgeadais an Ghrúpa in iúl le cruinneas réasúnta ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a gcumas a áirithiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le ceanglais an Achta Iompair, 1950, agus le ceanglais gach rialacháin a bhforléireofar iad mar aon ní amháin leis an Acht.

Chomh maith leis sin, tá siad freagrach as sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaíoch agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Is iad na bearta a ghlac an Bord le géilleadh dá oibleagáid leabhair chearta chuntas a choimeád ná córais chuí agus nósanna imeachta cuí a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Coimeádtar na leabhair chuntais i Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8.

Is é an tAcht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986, agus dlí na gCuideachtaí is infheidhme a chinneann freagrachtaí Stiúrthóirí fhochuideachtaí an Ghrúpa.

Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Ag feidhmiú mar iniúcháirí atá ceaptha ag Córas Iompair Éireann faoi Alt 34 (2) d'Acht Iompair, 1950, le toiliú uait, tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Córas Iompair Éireann don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2014, ráitis airgeadais ina n-áirítear na Príomhbheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Brabúis agus Caillteanais Chomhdhlúite, an Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta lomlána, an Clár Comhardaithe Comhdhlúite, Clár Comhardaithe na Cuideachta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid Chomhdhlúite agus na nótaí gaolmhara. Tá an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ag teacht de réir na gcleachtas cuntasaíochta atá eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus fógartha ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn).

Freagrachtaí na gComhaltaí Boird agus na nIniúcháirí faoi seach

Faoi mar a thugtar míniú níos cuimsithí air sa 'Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird' atá leagtha amach ar leathanach 40, is iad Comhaltaí an Bhoird atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais lena dtugtar léiriú fíor agus cothrom. Tá sé mar fhreagracht orainn iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, agus tuairim a thabhairt ina leith, i gcomhréir le dlí na hÉireann agus Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (RA agus Éire). Éilíonn na caighdeáin sin orainn cloí leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtas Iniúcháireachta.

Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear na roghanna sin, don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus dó sin amháin i gcomhréir le hAlt 34 (2) (a) den Acht Iompair, 1950, agus chun na críche sin amháin. Ní ghlacaimid, ag léiriú na dtuairimí seo, freagracht as aon chuspóir eile ná d'aon duine eile a dtaispeántar nó a dtugtar an tuarascáil seo dó seachas mura dtugaimid ár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus na nochtáí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor i chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíríteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaos nó earráid é. Áirítear leis sin measúnú ar na nithe seo a leanas: cibé an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an Ghrúpa agus na cuideachta agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad; réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinne Comhaltaí an Bhoird; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léimid an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad atá sa Tuarascáil Bhliantúil chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta agus chun aon eolas ar cosúil é a bheith mícheart go hábhartha a aithint ar bhunús na faisnéise a fuairamar le linn dúinn a bheith i mbun an iniúchta, nó nach dtagann go hábhartha leis an bhfaisnéis sin. Má thugaimid aon mhíríteas nó neamhréireachtaí dealraitheacha ábhartha faoi deara, déanaimid machnamh ar na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid ar ár dtuairisc féin.

Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir an Chleachtas Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn ar staid an Ghrúpa agus gnóthaí na cuideachta ar an 31 Nollaig 2014 agus ar shreafaí brabúis agus airgid an Ghrúpa ag críoch na bliana sin.

Tuairim ar Nithe Eile

- Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta faighte againn.
- Inár dtuairim, tá leabhair chuntais chearta coimeáda ag an gCuideachta.
- Tá clár comhardaithe na cuideachta ag teacht leis na leabhair chuntais.

Nithe a Éilítear orainn Tuairisciú de réir Eisceachta

Níl rud ar bith le tuairisciú againn maidir leis na nithe seo a leanas:

Faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”), tá ceanglas orainn tuairisciú duit más rud é nach dtugtar léiriú ar chomhlíonadh alt 13.1 (iii) den Chód ag an nGrúpa sa ráiteas maidir le córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais atá riachtanach faoin gCód mar atá san áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorparáidigh ar leathanach 37-39 nó más rud é go bhfuil sé ar neamhréir leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ón iniúchadh a rinneamar ar na ráitis airgeadais.

PricewaterhouseCoopers

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe

Baile Átha Cliath

1 Aibreán 2015

- Tá an Bord freagrach as cothabháil agus sláine láithreán gréasáin Córas Iompair Éireann; ní áirítear na nithe seo san obair a dhéanann na hiniúcháirí agus, dá réir sin, ní ghlacann na hiniúcháirí le haon fhreagracht as aon athruithe a d’fhéadfadh a bheith tagtha ar na ráitis airgeadais ó cuireadh i láthair ar an láithreán gréasáin den chéad uair iad.
- Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus le scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile.

Príomhbheartais Chuntasaíochta

Seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta suntasacha agus teicnící meastacháin atá glactha ag an nGrúpa:

(A) Bonn Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn agus reacht Éireannach ina gcuimsítear an tAcht Iompair, 1950. Is ionann na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn maidir le hullmhúchán ráitis airgeadais lena dtugtar léiriú fíor agus cothrom agus na caighdeáin sin arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta agus arna bhfoilsíú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

(B) Bunús Comhdhlúite

Is comhdhlúthú de ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann agus a chuid fochuideachtaí iad ráitis airgeadais an Ghrúpa:

- Bus Átha Cliath – Dublin Bus
- Bus Éireann – Irish Bus
- Iarnród Éireann – Irish Rail

Caitear le CIÉ Tours International Incorporated mar bhrainse de Chóras Iompair Éireann chun críche cuntasaíochta.

(C) Ioncam

Cuimsíonn ioncam oll-luach na seirbhísí soláthartha.

(D) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Is iad seo a leanas boinn ríofa an dímhéasa:

(i) Línte agus Oibreacha Iarnróid

Cuimsíonn línte agus oibreacha iarnróid gréasán de chórais. Caitear le caiteachas ar an ngréasán reatha, a chinntíonn go bhfuil an acmhainn oibriúcháin ag teacht leis na caighdeáin shonraithe seirbhíse, mar mhéid breise leis na sócmhainní seasta inláimhsithe a chuirtear san áireamh ar a chostas i ndiaidh asbhaint deontas gaolmhar. Áirítear costais chaipitlithe fostaí agus costais eile atá inchurtha go díreach don tsócmhainn i sócmhainní inláimhsithe.

Is ionann an muirear dímhéasa do línte agus oibreacha iarnróid atá ann cheana agus leibhéal measta an chaiteachais bhliantúil atá riachtanach chun cumas oibriúcháin an ghréasáin atá bunaithe ar phlean bainistíochta sócmhainne iarnróid Éireann – Irish Rail a choinneáil.

Meastar gurb ionann caiteachas ar an ngréasán, a mhéadaíonn a chumas nó a fheabhsaíonn a chumas oibriúcháin, agus breis ar shócmhainní seasta inláimhsithe ar chostas agus dímhéastar é ar feadh a shaolré fóna.

(ii) Rothstoc Iarnróid

Déantar dímhéas ar innill iarnróid (seachas iad sin dímeasta go hiomlán nó a gnóthaíodh gan costas a íoc), trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn a gcostas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fóna measta.

Déantar dímhéas ar rálchairs, stoc cóiste agus vaigíní chomh maith, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fóna measta.

(iii) Feithiclí Paisinéirí Bóthair

Déantar dímhéas ar chostais stairiúla na bhfeithiclí paisinéara bóthair seachas busanna scoile thar a gcuid saolréanna fóna measta ar bhonn céatadáin laghdaithe a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saolta. Déantar dímhéas ar chostais stairiúla na mbusanna scoile i dtráthchodanna cothroma thar a gcuid saolréanna fóna measta.

(iv) Feithiclí Lastas Bóthair

Déantar dímhéas ar na sócmhainní seo ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fóna measta ag úsáid suim an mhodha digitigh.

iv. Duganna, calafoirt agus céanna; innealra agus gléasra; trealamh seirbhísí lónadóireachta

Déantar dímhéas ar na ranganna thuas, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fóna measta.

(v) Talamh agus Foirgnimh

Déantar dímheas ar fhoirgnimh, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar saolré de chaoga bliain. Áirítear luach de réir leabhair na talún agus na bhfoirgneamh atá ar díol agus gur cosúil a ndiúscrófaí sa dhá mhí dhéag atá le teacht sna sócmhainní reatha faoi mar is cuí.

(vi) Trealamh agus Innealra; Dugaí, calafoirt agus céanna

Déantar dímheas ar na ranganna thuas, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fóna measta.

(E) Sócmhainní ar Léas

i. Léasanna Airgeadais

Tugtar cuntas ar shócmhainní a choimeádtar faoi léasanna airgeadais de réir SSAP 21 (Ag Tabhairt Cuntais ar Léasanna agus Conarthaí Fruilcheannaigh). Tá costas chaipitil na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inlámhsithe agus déantar iad sin a dhímheas thar an tréimhse is giorra de théarma an léasa nó thar saolré fóna measta na sócmhainne. Áirítear sciartha caipitiúla na n-oibleagáidí léasa gan íoc i gcreidiúnaithe. Gearrtar muirir airgeadais ar an gcuntas brabúis agus cailteanais comhdhlúite thar príomh-thréimhse an léasa.

ii. Léasanna Oibriúcháin

Gearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an gcuntas brabúis agus cailteanais comhdhlúite de réir mar a thabhaítear siad.

(F) Stoic

Déantar luacháil ar stoic ábhar agus páirteanna spárála ag an meánchostas is ísle agus an glanluach inréadaithe.

Discríobhtar stoic ar eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i leith stoc a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

(G) Deontais ón Aontas Eorpach agus Deontais Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus Deontais eile ón Státchiste

(i) Deontais do Línte agus d'Oibreacha Iarnróid Eiseacha

Baintear deontais a fhaightear do línte agus d'oibreacha iarnróid reatha ó chostais na sócmhainní gaolmhara.

Níl an beartas sin de réir Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 a éilíonn sócmhainní seasta inlámhsithe a bheith léirithe ag costas agus dá réir deontais agus ranníocaíochtaí mar ioncam iarchurtha. Tá an t-imeacht seo ó cheanglais Achta na gCuideachtaí (Leasú), 1986 de réir tuairime an Bhoird, riachtanach chun go dtaispeánfadh na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom toisc nach bhfuil saolta inchinntithe ag na línte agus oibreacha iarnróid seo agus dá bhrí sin níl aon bhonn dlíthiúil ann ar a bhféadfar deontais agus ranníocaíochtaí agus ioncam iarchurtha a aithint.

Deontais le haghaidh caiteachas caipitiúil eile

Déantar deontais do chaiteachas caipitil eile a chur chun sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus cailteanais ar an mbonn céanna a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

(ii) Deontais Ioncaim

Tugtar deontais ioncaim chuig an gcuntas brabúis agus cailteanais comhdhlúite sa bhliain ina bhfaightear iad.

(iii) Deontas Conradh Ilbhliantúil Bainisteoir Bonneagair

Leithdháiltear deontais a bhaineann leis an gConradh Ilbhliantúil Bainisteoir Bonneagair (MAC) ar athnuachaintí, ioncam iarchurtha agus an cuntas brabúis agus cailteanais trí thagairt don ghníomhaíocht bhunúsach. Déantar an ghné athnuachana a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus cailteanais chun an caiteachas gaolmhar athnuachaintí a fhritháireamh sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas. Áirítear an ghné chaipitil san ioncam iarchurtha agus déantar é a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus cailteanais thar shaolré ionchais na sócmhainne gaolmhara. Déantar an ghné brabúis agus cailteanais a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus cailteanais sa bhliain fála.

(H) Airgeadra Coigríche

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra coigríche go euro ag an ráta a bhíonn ag rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníoctha nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Glactar le cailteanais nó gnóthachan malartaithe réalaithe ar idirbhearta socruithe i gcaitheamh na bliana mar chuid den farasbarr nó easnamh don bhliain ó ghnáth-ghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra eachtrach ag na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

Aistrítear iasachtaí airgeadra coigríche, lena n-áirítear an cion sin a bhíonn iníoctha laistigh de bhliain amháin de dháta an chláir chomhordaithe, ag rátaí an mhalartaithe a bhíonn ag rialú ag dáta an chláir chomhordaithe (rátaí deiridh) agus beidh na gnóthachain nó cailteanais san áireamh sa chuntas brabúis agus cailteanais comhdhlúite.

(I) Pinsin

Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsin sochair sainithe ag luach cóir. Tomhaistear dliteanais na scéime pinsin sochair sainithe ar bhonn achtúire ag úsáid modh creidmheasa an aonaid réamh-mheasta. Cuirtear farasbarr dhliteanais na scéime thar sócmhainní na scéime i láthair ar an gclár comhordaithe mar dhliteanas. Tá an muirear pinsin a ghearrtar ar bhrabús oibríochta comhdhéanta den costas seirbhíse reatha agus costais seirbhíse roimhe seo. Cuirtear farasbarr an toraidh ionchais ar shócmhainní scéime thar an costas úis ar dhliteanais scéime i láthair sa chuntas brabúis agus cailteanais mar ioncam airgeadais eile. Aithnítear gnóthachain agus cailteanais achtúire a thagann ó athruithe i dtoimhdí achtúire agus ó thaithí farasbairr agus easnaimh sa ráiteas ar ghnóthachain agus cailteanais aitheanta iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad.

(J) Costais Bhonneagair Iarnróid

De réir Threoir 91/440 ó Chomhairle an AE, ceanglaítear ar Iarnród Éireann a áirithiú go ndéantar na cuntais do ghnó na seirbhísí iompair agus na cuntais do ghnó bainistithe an bhonneagair iarnróid a idirscaradh óna chéile. Cinntear na costais bonneagair de réir Iarscríbhíne 1.A. de Rialachán AE Uimh. 2598/70.

(K) Iarmhéideanna Idir Cuideachtaí

Déantar luach a chur ar idirbhearta idir CIÉ agus a fhochuideachtaí ag costas stairiúil agus déantar iad a rangú bunaithe ar na socruithe cuí idir na páirtithe faoi seach agus ar shubstaint an idirbhirt mar seo a leanas:

(i) Sócmhainn Airgeadais Fadtéarmach

Is ionann é agus comhiomlán na n-insreafaí agus na n-eis-sreafaí airgid ó:

- Gníomhaíochtaí airgeadais idirghrúpa.
- Fónamh a dhéanamh ar airgeadas ar ghníomhaíochtaí airgeadais idirghrúpa.

(ii) Cuntas Trádála Gearrthéarmach

Is ionann é agus comhiomlán:

- Glanbharrachas arna ghiniúint/easnamh arna thabhu ag na fochuideachtaí sa dá bhliain roimh dháta an chláir chomhardaithe.
- Méadú/laghdú ar chaipiteal oibre na bhfochuideachtaí sa dá bhliain roimh dháta an chláir chomhardaithe.

(iii) Dliteanas Airgeadais Fadtéarmach

Is ionann é agus comhiomlán:

- Sreabhadh airgid ginte ó oibríochtaí fochuideachtaí suas le dhá bhliain roimh dháta an chláir chomhardaithe.
- Glan-infheistíocht i sócmhainní seasta na bhfochuideachtaí idir an dáta corpraithe agus dáta an chláir chomhardaithe.

Cuntas Brabúis agus Cailteanais Comhdhlúite

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig		2014	2013
Nótaí		€000	€000
Na Coimisinéirí Ioncam			
Ioncam ó Phaisinéirí agus Ioncam Tráchtála		817,135	764,946
	Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí 10	211,812	225,933
	Deontais Eile ón Státchiste 10	77,429	15,563
Ioncam agus Deontais Stáit		1,106,376	1,006,442
Costais			
	Párolla agus costais ghaolmhara 4	(535,845)	(527,203)
	Ábhair agus seirbhísí 5	(488,985)	(420,659)
Iomlán na gcostas oibriúcháin		(1,024,830)	(947,862)
EBITDA (tuillimh roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh) roimh muirir athstruchtúraithe agus muirir eile		81,546	58,580
Brabús ar dhiúscairt na sócmhainní inláimhsithe 8		1,939	2,798
	Dímheas glan ar amúchadh 6	(56,348)	(58,978)
Barrachas roimh ús agus roimh chostais eisceachtúla		27,137	2,400
Ús infhaighte		978	1,198
	Ús iníoctha – Oibríochtaí 9	(5,177)	(4,237)
	– Gnóthas Iarnróid 9	(241)	(309)
	– Lastas Iarnróid 9	(6)	(5)
	– Bonneagar iarnróid 9	(159)	(169)
	Costais airgeadais eile 23	(8,225)	(5,278)
Costais Úis Iomlána		(12,830)	(8,800)
Barrachas/(easnamh) roimh chostais eisceachtúla		14,307	(6,400)
	Costais Eisceachtúla 7	(4,486)	(5,208)
Farasbarr/(Easnamh) don bhliain		9,821	(11,608)

Léirítear gluaiseachtaí sna cúlchistí i Nóta 21 leis na ráitis airgeadais.

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leanúnacha an Ghrúpa.

Thar ceann an Bhoird

Vivienne Jupp *Cathaoirleach*

An tOllamh P.J. Drudy *Comhalta Boird*

Ráiteas de Chailteanais agus Gnóthachain Aitheanta Iomlána

An bhliain dar críoch 31 Nollaig	Nótaí	2014 €000	2013 €000
Farasbarr/(Easnamh) don bhliain (Cailteanas)/gnóthachan achtúireach i ndáil le scéimeanna pinsin	23	9,821 (285,777)	(11,608) 71,219
(Cailteanas)/gnóthachan iomlán aitheanta a bhaineann leis an mbliain		(275,956)	59,611

Clár Comhardaithe Comhdhlúite

An bhliain dar críoch 31 Nollaig

	Nótaí	2014 €000	2013 €000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	12	2,603,153	2,686,888
Sócmhainní airgeadais	13	20	20
		2,603,173	2,686,908
Sócmhainní reatha			
Stoic	14	55,273	61,170
Féichiúnaithe	15	70,393	50,331
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		50,477	25,814
		176,143	137,315
Creidiúnaithe (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)	16	(425,949)	(454,020)
Glandliteanais reatha		(249,806)	(316,705)
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		2,353,367	2,370,203
Creidiúnaithe (méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)	17	(59,314)	(81,491)
Soláthairtí do dhliteanais agus táillí	19	(150,790)	(151,319)
Oibleagáid na sochar scoir	23	(701,780)	(417,745)
Ioncam larchurtha	20	(2,019,674)	(2,021,883)
		(578,191)	(302,235)
Maoinithe ag:			
Cúlchistí			
Cúlchiste caipitil		28,556	28,556
Cuntas brabúis agus cailteanais	21	(619,258)	(343,302)
Airleacain Stáit neamh-inaisioctha		12,511	12,511
	21	(578,191)	(302,235)

Thar ceann an Bhoird

Vivienne Jupp *Cathaoirleach*

An tOllamh P.J. Drudy *Comhalta Boird*

Clár Comhardaithe na Cuideachta

Amhail ag 31 Nollaig

	Nótaí	2014 €000	2013 €000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	12	780,366	790,748
Sócmhainní airgeadais	13	640,267	640,684
		1,420,633	1,431,432
Sócmhainní reatha			
Féichiúnaithe	15	50,264	107,549
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		48,949	24,355
		99,213	131,904
Creidiúnaithe (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)	16	(51,912)	(88,143)
Glansócmhainní reatha		47,301	43,761
Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha		1,467,934	1,475,193
Creidiúnaithe (méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)	17	(610,007)	(602,041)
Ioncam larchurtha	20	(552,245)	(561,028)
		305,682	312,124
Maoinithe ag:			
Cúlchistí			
Cúlchiste caipitil		28,556	28,556
Cuntas brabúis agus cailteanais	21	264,615	271,057
Airleacain Stáit neamh-inaisíoctha		12,511	12,511
	21	305,682	312,124

Thar ceann an Bhoird

Vivienne Jupp *Cathaoirleach*

An tOllamh P.J. Drudy *Comhalta Boid*

Ráiteas Sreabhaidh Airgid Comhdhlúite

An bhliain dar críoch 31 Nollaig	Nótaí	2014 €000	2013 €000
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	22(a)	54,016	21,705
Aischur ar infheistíochtaí, seirbhísiú airgeadais agus ioncam airgeadais eile	22(b)	(4,605)	(3,522)
Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais	22(b)	34,905	(33,109)
Insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid roimh úsáid acmhainní leachtacha agus maoiniú		84,316	(14,926)
Maoiniú – (Laghdú)/méadú ar fhiachas	22(b)	(56,417)	41,212
Méadú in airgead tirim sa bhliain		27,899	26,286
Imréiteach an tsreafa airgid ghlan le gluaiseacht i bhfiachas glan	22(c)		
Méadú in airgead tirim sa bhliain		27,899	26,286
Gluaiseacht airgid ó laghdú i maoiniú fiachais agus léasa		56,417	(41,212)
Athrú i bhfiachas glan mar thoradh ar shreabha airgid tirim		84,316	(14,926)
Gluaiseacht i nglanfhiachas sa bhliain		84,316	(14,926)
Fiachas glan ag 1ú Eanáir		(102,827)	(87,901)
Fiachas glan ag 31ú Nollaig		(18,511)	(102,827)

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

1 Gnóthas Leantach

Cúlra

I mí Iúil 2013 chuir Grúpa CIÉ bailchríoch rathúil ar idirbheartaíocht le bainc an Ghrúpa faoi athmhaoiniú agus faoi mhéadú na saoráidí baincfeachta atá ar fáil don Ghrúpa. Tá áiseanna tiomanta ar fiú €160 milliún iad urraithe go dtí Iúil 2018.

Áirítear i measc na n-áiseanna seo roinnt cúnant airgeadais, ar éirigh le Grúpa CIÉ iad ar fad a chomhlíonadh in 2014. Bunaithe ar an mbuiséad atá sonraithe do 2015, creideann an fhoireann bainistíochta go leanfaidh Grúpa CIÉ leis na spriocanna cúnaint atá sonraithe sa chomhaontú áise don tréimhse 12 mí, ar a laghdú, ón dáta ar síníodh na ráitis airgeadais seo a chomhlíonadh.

Ainneoin feabhas a bheith tagtha ar fheidhmíocht trádála i rith 2014, beidh ar Ghrúpa CIÉ dul i ngleic le timpeallacht dhúshlánach gnó a bhfuil roinnt neamhchinnteachtaí a bheidh le sárú ag an nGrúpa ag eascairt uaithi. Thug an Grúpa aird ar na neamhchinnteachtaí seo le linn dó acmhainn an Ghrúpa leanúint ag feidhmiú mar ghnóthas leantach a mheas.

Nádúr na Neamhchinnteachtaí a mbeidh ar an nGrúpa Déileáil Leo

Ainneoin an fhoireann bainistíochta a bheith dóchasach go leanfar leis na spriocanna foriomlána maidir le cúnaint airgeadais a chomhlíonadh sa bhliain amach romhainn, tá feidhmíocht thodhchaíoch an Ghrúpa bunaithe ar roinnt spriocanna agus toimhdí dúshlánacha a éileoidh monatóireacht agus maoirseacht leanúnach na foirne bainistíochta. Glactar leis i ndrúchtphlean gnó 5 bliana an Ghrúpa go dtabhóidh an Grúpa easnamh in 2015 agus go mbeidh an tráth a fhillfidh an Grúpa ar bhrabúsacht ag brath ar na neamhchinnteachtaí atá os comhair an Ghrúpa faoi láthair a réiteach.

Is féidir na príomh-neamhchinnteachtaí a mbeidh tionchar acu ar thodhchaí an Ghrúpa a rangú faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Ioncam

Braitheann cur i gcrích na spriocanna atá luaite le fás ioncaim i ndrúchtphleananna gnó 5 bliana an Ghrúpa ar mheascán de thoidhdí a bhaineann le méaduithe ar tháillí ainmniúla agus méaduithe ar líon turas paisinéirí. Braitheann acmhainn an Ghrúpa na méaduithe ar tháillí atá luaite sna pleananna a chur i gcrích ar na cinní a dhéanann an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) maidir le táillí agus braitheann méaduithe ar an líon turas paisinéirí ar théarnamh geilleagrach inbhuanaithe.

2. Costais Oibríochta

Baineann fiorthábhacht leis na costais oibríocháin atá sonraithe i bpleananna gnó an Ghrúpa a choimeád ag leibhéal chuí. Is dá nádúr go bhfuil toimhdí a úsáidtear agus an plean gnó á ullmhú suibhachtúil agus tá sé riachtanach go ndéantar dianmhonatóireacht ar fheidhmíocht bunaithe ar a bhfuil sa phlean, ionas gur féidir gníomhaíochtaí maolúcháin, atá aitheanta ag an bhfoireann bainistíochta cheana féin a chur i bhfeidhm más gá.

3. Costais Infheistíochta

Baineann fiorthábhacht leis an leibhéal cuí infheistíochta a bhaint amach i gcomhthéacs chothabháil, athnuachan agus fheabhas an bhonneagair iompair phoiblí chun tacú le soláthar seirbhísí iompair phoiblí atá éifeachtach, iontaofa agus sábháilte. Dúshlán leanúnach don fhoireann bainistíochta é a chinntiú go bhfuil an infheistíocht riachtanach á maoiniú go cuí ionas nach mbeidh éileamh infheistíochta oibríochtaí an Ghrúpa ag baint an bhoinn d'inbhuanaitheacht airgeadais an Ghrúpa.

1 Gnóthas Leantach (*ar lean*)

Tá pleananna an Ghrúpa do 2015 ag brath ar thacaíocht maoinithe i bhfoirm caiteachas caipitil ón Státchiste agus ón Údarás Náisiúnta Iompair agus glactar leis go mbeidh infheistíocht maoinithe ar fáil ó shreafaí airgeadais oibriúcháin freisin. Braitheann inbhuanaitheacht fhadtéarmach an Ghrúpa ar leibhéal cuí de mhaoiniú rialtais a bheith ann chun na seirbhísí iompair phoiblí a theastaíonn faoi chonarthaí Oibleagáid Seirbhíse Poiblí an Rialtais a mhaoiniú.

Tá inbhuanaitheacht airgeadais Iarnród Éireann (comh-fhochuideachta i nGrúpa CIÉ) íogair do neamhchinnteacht áirithe a bhaineann le hinfeistíocht mhaoinithe thodhchaíoch. I rith 2014, thug Iarnród Éireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair faoi phróiseas chun réitigh fhéideartha ar riachtanais airgeadais na cuideachta Iarnróid a athbhreithniú agus a mheas. Ceadaíodh an meastachán forlíontach i mí na Nollag 2014, meastachán atá mar bhonn leis an acmhainn riachtanas infheistíochta Iarnród Éireann a mhaoiniú ó shreabhadh airgid in 2015.

Dúshlán suntasach do gach páirtí leasmhar é riachtanais infheistíochta a mhaoiniú go fadtéarmach. Sa chás go mbíonn gannchion sna leibhéil mhaoinithe; beidh riosca ann nach nginfidh an Grúpa dóthain torthaí chun a chobhsaíocht airgeadais a chosaint i rith shaolré an phlean gnó reatha 5 bliana. Sa chás sin, beidh an caipiteal oibre srianta agus beidh gá le monatóireacht leanúnach. Beidh gá le gníomhaíochtaí maolúcháin chun a chinntiú nach mbeidh na spriocanna foriomlána maidir le cúnaint airgeadais, spriocanna a bhfuil an Grúpa tiomanta dóibh, á sárú agus go ngintear sreabhadh airgid oiriúnach i ndiaidh infheistíochta chun oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite.

4. Pinsin

Tá easnamh luaithe le scéimeanna pinsin an Ghrúpa chomh maith. Áirítear na scéimeanna seo i ráitis chomhdhlúite airgeadais CIÉ agus ní ag leibhéal oibríochta na cuideachta aonair mar a mhínítear i Nóta 23 leis na ráitis airgeadais. Tá méadú suntasach tagtha ar staid ghlandliteanas na scéimeanna pinsin i rith na bliana. D'eascair na méaduithe seo as na rátaí íseal úis atá le sonrú in Éirinn agus go hIarnnáisiúnta. Chuir CIÉ tús le hathbhreithniú ar na scéimeanna pinsin agus é mar aidhm machnamh a dhéanamh ar na bearta a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil bunaithe ar an leibhéal easnaimh atá ann. Táthar leis na luachálacha tríbhliantúla ar na scéimeanna a chur i gcrích in 2015.

Gníomhaíochtaí na Foirne Bainistíochta

Tá roinnt gníomhaíochtaí curtha i gcrích agus le cur i gcrích ag foireann bainistíochta an Ghrúpa agus na Cuideachta, lena n-áirítear:

- Dlúthmhonatóireacht á déanamh ag an bhfoireann bainistíochta ar an seasamh airgid ar fud an Ghrúpa go laethúil, go seachtainiúil agus go míosúil
- Plé le NTA agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir leis an struchtúr maoinithe chúí/Glan-éifeacht Airgeadais do Iarnród Éireann, Bus Éireann agus Bus Átha Cliath.
- Leanúint le tionscnaimh shábhála costais a chur i bhfeidhm agus dianmhonatóireacht a dhéanamh orthu.
- Leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar rioscaí agus ar dheiseanna a bhfuil tionchar acu ar phlean gnó an Ghrúpa.
- Tionscnaimh chosanta ioncaim a chur chun feidhme agus gníomhaíochtaí nua ginte ioncaim a lorg
- Athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna pinsin chun bearta a aithint chun déileáil le staid airgeadais scéimeanna pinsin an Ghrúpa.

1 Gnóthas Leantach *(ar lean)*

Litir Thacaíochta

Tá fianaise ar an tacaíocht leanúnach ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le fáil sa litir thacaíochta den 31 Márta 2015.

Sonraítear sa litir: “Tá an Roinn ag leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar staid airgeadais CIÉ agus tá sí i mbun idirphlé leis an gcuideachta faoi na bearta atá riachtanach chun inbhuanaitheacht airgeadais CIÉ a chosaint.” Bíodh is go sonraítear sa litir nach bhféadfaí glacadh le rud ar bith sa litir mar ráthaíocht ar oibleagáidí nó dliteanais CIÉ, sonraítear an méid seo a leanas freisin: “Is é beartas an Rialtais go fóill go bhfuil ar chumas ghnólacht CIÉ freastal ar a dhliteanais i gcónaí. Is é an Stát an t-aon scairshealbhóir atá ag CIÉ agus tuigeann CIÉ go leanfaidh an Stát lena chearta scairshealbhóra a fheidhmiú agus é mar aidhm a chinntiú go mbainistíonn CIÉ a oibríochtaí ar bhealach a chuirfidh ar a chumas a oibleagáidí a chomhlíonadh go tráthúil. Ní mór, áfach, go mbeadh dlí AE á chomhlíonadh ag aon ghníomhaíocht a bheidh le háireamh ag an Stát, lena n-áirítear rialacha a bhaineann le Státchabhair a bhféadfadh fógra agus faomhadh ó Choimisiún an AE a bheith ag teastáil ina leith”.

Conclúid

I ndiaidh fiosrúcháin chuí a dhéanamh, agus na neamhchinnteachtaí thuasluaite a mheas, tá ionchas réasúnach ag Comhaltaí an Bhoird go mbeidh Grúpa CIÉ in ann a spriocanna buiséid agus plean 5 bliana mar aon lena spriocanna cúnaint a chomhlíonadh, agus go mbeidh a áiseanna reatha baincéireachta dóthanach chun riachtanais shreabhadh airgid an Ghrúpa a chomhlíonadh, don tréimhse 12 mhí ar a laghad ón dáta ar síníodh na ráitis airgeadais seo. Chomh maith leis sin, tá ionchas réasúnach ag an mBord go dtacóidh an Rialtas le bearta chun cobhsaíocht airgeadais a chinntiú. Chuige seo, chinn na Comhaltaí Boird nach ionann na rioscaí thuasluaite agus neamhchinnteacht ábhartha a chaitheann amhras suntasach ar chumas an Ghrúpa leanúint ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Tá ionchas réasúnach ag na stiúrthóirí, ag féachaint do na nithe thuasluaite, go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag Grúpa CIÉ agus, dá réir sin, ag an gcuideachta le leanúint ag feidhmiú ar bhonn oibríochtúil ar feadh 12 mhí, ar a laghad, ó dháta faofa na ráiteas airgeadais seo, agus a mheas go bhfuil sé oiriúnach na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

2 Brabús agus Cailteanas don Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig

	Comhardaithe FRS 17	CIÉ	Iarnród Éireann	Bus Éireann	Bus Átha Cliath	lomlán 2014	lomlán 2013
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Ioncam:							
Gnóthas Iarnróid			188,395			188,395	176,954
Roinn lastais			5,106			5,106	4,942
Calafort Ros Láir			10,086			10,086	9,670
Seirbhísí iarnróid eile			14,427			14,427	3,580
Seirbhísí bóthair do phaisinéirí:							
– Cathair Bhaile Átha Cliath					216,001	216,001	204,128
– Cathracha cúigeacha				29,001		29,001	26,166
– Seirbhísí eile				268,898		268,898	263,769
Turais		77,835				77,835	67,917
Príomh-ghníomhaíochtaí gnó		7,386				7,386	7,820
Conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí							
– Oibríochtúil (nóta 10)			118,199	34,387	60,039	212,625	215,172
– Bonneagar (nóta 10)			76,616			76,616	26,324
Ioncam iomlán		85,221	412,829	332,286	276,040	1,106,376	1,006,442
Caiteachas Iarnróid:							
Gnóthas Iarnróid:							
Costais oibriúcháin			276,166			276,166	259,787
Costais bhonneagair			136,644			136,644	79,037
Leithdháileadh don rochtain ar rianta			(53,052)			(53,052)	(42,630)
			359,758			359,758	296,194
Roinn lastais			6,883			6,883	6,510
Calafort Ros Láir			7,274			7,274	6,329
Seirbhísí iarnróid eile			4,140			4,140	3,348
Seirbhísí bóthair do phaisinéirí:							
– Cathair Bhaile Átha Cliath					255,324	255,324	259,643
– Cathracha cúigeacha				35,207		35,207	35,377
– Seirbhísí eile				284,021		284,021	281,980
Turais		75,213				75,213	64,481
Príomh-ghníomhaíochtaí gnó	(9,967)	6,977				(2,990)	(6,000)
Caiteachas iomlán	(9,967)	82,190	378,055	319,228	255,324	1,024,830	947,862

2 Brabús agus Cailteanas don Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig (ar lean)

	Comhardaithe FRS 17	CIÉ	Iarnród Éireann	Bus Éireann	Bus Átha Cliath	Iomlán 2014	Iomlán 2013
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
EBITDA roimh athstruchtúru agus muirir eile de réir gníomhaíochta							
Gnóthas Iarnróid			(171,363)			(171,363)	(119,240)
Roinn lastais			(1,777)			(1,777)	(1,568)
Calafort Ros Láir			2,812			2,812	3,341
Seirbhísí iarnróid eile			10,287			10,287	232
Seirbhísí bóthair do phaisinéirí:							
– Cathair Bhaile Átha Cliath					(39,323)	(39,323)	(55,515)
– Cathracha cúigeacha				(6,206)		(6,206)	(9,211)
– Seirbhísí eile				(15,123)		(15,123)	(18,211)
Turais		2,622				2,622	3,436
Príomh-ghníomhaíochtaí gnó	9,967	409				10,376	13,820
Conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí			194,815	34,387	60,039	289,241	241,496
EBITDA (tuillimh roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh) roimh muirir athstruchtúraithe agus muirir eile	9,967	3,031	34,774	13,058	20,716	81,546	58,580
Glan-dímheas		(5,156)	(34,942)	(6,665)	(9,585)	(56,348)	(58,978)
Ús (iníochta)/infhaighte		(5,055)	(462)	825	87	(4,605)	(3,522)
Ioncam airgeadais eile (nóta 23)	(8,225)					(8,225)	(5,278)
Brabús/(cailteanas) ar dhiúscairt na sócmhainní inláimhsithe (nóta 8)		1,254	45	(6)	646	1,939	2,798
Barrachas/(Easnamh) don bhliain roimh mhíreanna eisceachtúla	1,742	(5,926)	(585)	7,212	11,864	14,307	(6,400)
Costais oibriúcháin eisceachtúla		(516)	(1,585)	(2,090)	(295)	(4,486)	(5,208)
Barrachas/(easnamh) don bhliain	1,742	(6,442)	(2,170)	5,122	11,569	9,821	(11,608)

3 Costais Bhonneagar Iarnróid

Faoi réir Threorach na Comhairle AE 91/440 seo a leanas mar atáthar tar éis na costais seo a ríomh:

	2014 €000	2014 €000	2013 €000	2013 €000
Cothabháil línte iarnróid agus oibreacha		107,423		52,761
Athnuachan línte iarnróid agus oibreacha		51,812		83,510
Costais oibriúcháin (comharthaíocht) agus costais eile		29,221		26,276
Dímheas		43,761		46,950
Amúchadh na ndeontas caipitil		(38,569)		(40,752)
Iomlán na gcostas bonneagair iarnróid		193,648		168,745
Fóirdheontas bonneagair		–	(18,470)	
Muirir Rochtana Rianta	(53,052)		(42,630)	
Conradh Ilbhliantúil	(75,093)		–	
Maoiniú Stáitchiste eile	(1,523)		(7,854)	
Cistiú d'athnuachaintí (nóta 12(a))	(51,812)		(83,510)	
Maoiniú Tríú Páirtí	(10,238)		–	
Cistiú iomlán don bhonneagar iarnróid		(191,718)		(152,464)
Easnamh don bhliain		1,930		16,281

4 Tuarastail agus Costais Ghaolmhara

	2014 €000	2013 €000
Costais foirne		
Pá agus tuarastail	469,685	477,713
Costais leasa sóisialaigh	44,056	44,531
Costais phinsin eile	41,744	37,680
	555,485	559,924
Obair féin caipitlithe	(20,095)	(33,173)
Glan-chostais foirne	535,390	526,751
Luach saothair agus díolaíochtaí na gcomhaltaí Boird		
– i leith seirbhísí mar Chomhaltaí Boird	211	219
– i leith seirbhísí feidhmiúcháin	244	233
Luach saothair agus díolaíochtaí iomlána na gcomhaltaí Boird	455	452
Iomlán na gcostas párolla agus na gcostas gaolmhar	535,845	527,203

4 Tuarastail agus Costais Ghaolmhara (ar lean)

San áireamh i luach saothair na gComhaltaí Boird tá táillí Stiúrthóra €30,655 (2013 – €31,500) a íocadh leis an gCathaoirleach neamh fheidhmiúcháin Vivienne Jupp.

Íocadh na táillí stiúrthóra seo a leanas le Comhaltaí an Bhoird, seachas an Cathaoirleach, in 2013/14:

	2014 €	2013 €
Comhalta Boird		
Kevin Bonner	12,600	21,600
Ultan Courtney	2,554	–
P. J. Drudy	15,750	15,750
Phil Gaffney	21,060	21,600
Vincent Green	–	13,969
Helen Keelan	12,295	15,750
Paul Mallee	8,545	19,080
Frances Meenan	15,750	15,750
Aidan Murphy	13,476	–
Bill McCamley	15,750	15,750
William McDermott	–	14,438
Aebhric McGibney	14,860	15,750
John Moloney	15,750	15,750
Tom O'Connor	15,750	1,313
Tommy Wynne	15,750	1,313

Líon na mBall Foirne

Seo a leanas meánlíon na ndaoine fostaithe ag an gcuideachta:

	2014	2013
CIÉ	246	241
Iarnród Éireann – Irish Rail	3,770	3,792
Bus Éireann – Irish Bus	2,456	2,486
Bus Átha Cliath – Dublin Bus	3,176	3,172
	9,648	9,691

5 Ábhair agus Seirbhísí

Áirítear le hÁbhair agus Seirbhísí:

	2014 €000	2013 €000
Luach saothair na nIníúcháirí	410	665
Cíosanna ó léas oibriúcháin	4,517	4,114
Costais a aisíocadh leis na Stiúrthóirí	2	2
Deontais ioncain (<i>nóta 20</i>)	(5,623)	(1,683)

Áirítear na nithe seo a leanas i Luach Saothair an Iníúcháir:

	2014 €000	2013 €000
Seirbhísí iniúchta reachtúil	190	223
Seirbhísí árachais eile	21	25
Seirbhísí comhairleoireachta cánach	106	183
Seirbhísí eile neamh-iniúchta	93	234
	410	665

Áirítear le Costais a aisíocadh leis na Stiúrthóirí:

	2014 €000	2013 €000
Cothabháil/Cóiríocht	1	2
Taisteal Coigríche	–	–
Táillí comhairleachta	–	–
Eile	1	–
	2	2

6 Dímheas

	2014 €000	2013 €000
Dímheas (<i>nóta 12</i>)	220,073	230,523
Amúchadh na ndeontas caipitil (<i>nóta 20</i>)	(163,725)	(171,545)
	56,348	58,978

7 Costais Oibriúcháin Eisceachtúla

	2014 €000	2013 €000
Athstruchtúró Gnó	(4,486)	(5,208)
	(4,486)	(5,208)

Mar chuid de phlean 5 bliana an Ghrúpa, lean Iarnród Éireann de chlár téarfa dheonaigh agus luathscóir. Tá an costas atá luaite le 2014 lena n-áirítear íocaíochtaí pacáiste téarfa agus costais eile a bhaineann leis an gclár cothrom le €1.6 milliún. Lena chois sin, thabhaigh Bus Éireann €2.1 milliún. Thabhaigh Bus Átha Cliath €0.3 milliún agus thabhaigh Córas Iompair Éireann (an chuideachta sealbhaíochta) €0.5 milliún in athstruchtúró gnó i rith na bliana.

8 Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Inláimhsithe

	2014 €000	2013 €000
Gnóthachan glan ar dhíolachán talún agus foirgneamh	1,254	1,246
Brabús/(cailteanas) ar dhiúscairt rothstoic, feithiclí, trealamh agus innealra	685	1,552
	1,939	2,798

9 Ús iníochta

	2014 €000	2013 €000
Ar iasachtaí agus léasanna atá go hiomlán inaisíochta laistigh de chúig bliana	5,287	4,309
Ar iasachtaí agus léasanna nach bhfuil go hiomlán inaisíochta laistigh de chúig bliana	296	411
	5,583	4,720
Ús cionroinnte:		
Costais oibriúcháin an Ghrúpa	5,177	4,237
Gnóthas Iarnróid	247	314
Costais bhonneagair Iarnróid	159	169
	5,583	4,720

10 Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí agus Deontais eile ón Stáitchiste

Tá na deontais iníoctha le Córas Iompair Éireann de réir na Rialachán AE ábhartha a rialaíonn cúnamh Stáit do ghnóthais iompair.

I measc shonraí na ndeontas Stáit tá €289,241 milliún a fuarthas in 2014 – €211,812 milliún faoi Fho-Cheanteideal C1 de Vóta 32 de Dháil Éireann agus €77,429 milliún a fuarthas faoin gConradh Ilbhliantúil Bainisteoir Bonneagair, atá léirithe sa tábla seo a leanas:

Deontais Stáit a bhaineann le gníomhaíochtaí 2013/2014	2014 €000	2013 €000
Oibleagáid Seirbhíse Poiblí		
Iarnród Éireann – Irish Rail	117,386	127,029
Bus Átha Cliath – Dublin Bus	60,039	64,540
Bus Éireann – Irish Bus	34,387	34,364
Deontais stáit faoi Fho-Cheanteideal C1 de Vóta 32 de Dháil Éireann	211,812	225,933
Móide:		
Clár Infheistíochta na Sábháilteachta Iarnróid	–	15,563
Conradh Ilbhliantúil Bainisteoir Bonneagair	77,429	–
